




NSAI

Tuarascáil Bhliantúil 2011

ARDCHAIGHDEÁN FIONTRAÍOCHTA A ÉASCÚ

CLÁR ÁBHAIR

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH	2
TUARASCÁIL ÓN POF	4
CAIGHDEÁIN	8
DEIMHNIÚCHÁN	14
MÉADREOLAÍOCHT	20
RIALACHAS CORPARÁIDEACH	28

RÁITIS UM RIALÚ CORPARÁIDEACH

RÁITIS UM FREAGRACHTAÍ NA GCOMHALTAÍ BOIRD	32
RÁITIS UM RIALACHAS INMHEÁNACH AIRGEADAIS	33
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	34
COMHALTAÍ BOIRD AGUS FAISNÉIS GHINEARÁLTA	36
BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	37
CUNTAS COMHDHLÚITE IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	39
RÁITEAS MAIDIR LE BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS	
IOMLÁN COMHDHLÚITE	40
CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE	41
RÁITEAS SREABHADH AIRGID COMHDHLÚITE	42
NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGID	43

RÉAMHRÁ MAIDIR LEIS AN NSAI

Is comhlacht reachtúil é an NSAI a bunaíodh faoi Acht Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann 1996. Feidhmíonn sé faoi choimirce an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta atá freagrach as ag gcaighdeánú náisiúnta agus as an dualgas maidir le measúnú comhréireachta.

Cuireann an NSAI bonneagar trádála ar fáil d'Éirinn le haghaidh táirgí agus seirbhísí a mbítear ag brath orthu go náisiúnta agus fud fad an domhain. Tá an bonneagar seo riachtanach do ghnó na hÉireann agus cuireann sé go dearfach le cinntí ar Infheistíocht Dhíreach Eachtrach (FDI), ina mbíonn eagraíochtaí ag brath ar chaighdeáin fhorbartha agus ar bhonneagar measúnachta comhréireachta chun a gcuspóirí a bhaint amach ar nós earnáil na bhfeisteas leighis a fhorbairt.

Go huathúil san Eoraip, déanann an NSAI óstáil ar cheithre cinn de na cúig bpríomhthraschólún theicniúla atá sainaitheanta ag Eagraíocht Forbartha Tionscail na Náisiún Aontaithe (UNIDO) mar réamhriachtanais le haghaidh gilleagar éifeachtach trádála. (Fíor 1). Is iad seo:

- CAIGHDEÁNÚ (CAIGHDEÁIN NSAI)
- MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA (DEIMHNIÚCHÁN NSAI)
- MÉADREOLAÍOCHT DHLÍTHIÚIL (NSAI LMS)
- MÉADREOLAÍOCHT (NSAI NML)

Cuidíonn na gníomhaíochtaí seo le trádáil a chumasú agus an tomhaltóir a chosaint.

Ag an leibhéal is airde is é cuspóir an NSAI eagraíocht dhinimiciúil a sholáthar trí bhearta agus chaighdeáin a úsáid a bheidh le leas na sochaí agus chun buntáiste a thabhairt d'fhiontar na hÉireann ar leibhéal domhanda. I rith na straitéise reatha trí bliana, 2009-2011, bhí ceithre sprioc ardleibhéil mar chrann agus taca chun an misean seo a bhaint amach:


- **Bonneagar an Mhargaidh Oscailte** - Forbairt trádála agus buntáistí do thomhaltóirí a uasmhéadú
- **Feidhmíocht Ghnó Fheabhsaithe** - Dul chun cinn gnólachtaí na hÉireann a mhéadú
- **An Gilleagar Nuálaíochta agus Eolasbhunaithe a chothú** - R&D, nuálaíocht agus caipitil intleachtúil a chur chun cinn
- **Tacú le hinbhuanaitheacht** - Dul i ngleic le bainistíocht fuinnimh, le húsáid ábhair agus le tionchar ar an gcomhshaol de réir mar a éiríonn siad seo ina bparaiméadair thábhachtacha ghnó

Cinntíonn bainistíocht ar Chaighdeáin, Measúnú Comhréireachta (i bhfoirm deimhniúcháin) agus Méadreolaíocht muinín i mbonneagar trádála na hÉireann a bhunú. Cinntíonn bealach idirnasctha na dtraschólún teicniúil go mbaineann fiontar agus tomhaltóirí na hÉireann buntáiste as córas éifeachtach trádála (Fíor 1).

Tá NSAI ann chun a bheith mar bhonn agus thaca ag an infreastruchtúr náisiúnta trádála, a thacaíonn le príomhchuspóirí an Rialtais chun timpeallacht a sholáthar a thacaíonn le fiontar agus a chothaíonn an clú atá ar Éirinn le haghaidh earraí agus seirbhísí d'ardchaighdeán, agus a chosnaíonn an tomhaltóir freisin.

Soláthraíonn an NSAI d'Éirinn bonneagar trádála le haghaidh táirgí agus seirbhísí a mbítear ag brath orthu go náisiúnta agus ar fud an domhain.

Fíor 1 Infreastruchtúr Trádála le haghaidh Córas Éifeachtach Trádála



RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

DE RÉIR MAR A LEANANN AN STREACHAILT AR AGHAIDH LE GEILLEAGAIR DHOMHANDA AGUS INTÍRE, DHÍRIGH AN NSAI AR CHUR CHUIGE FREAGRÚIL AGUS SOLÚBTHA CHUN TACÚ LE FIONTAR NA HÉIREANN D'FHONN BUNTÁISTE DOMHANDA A THABHAIRT DÓIBH LE LINN NA TRÉIMHSE SEO D'ÉIGINNTEACHT GHEILLEAGRACH.

FEIDHMÍOCHT GHNÓ NSAI

Ba é 2011 an bhliain dheireanach de straitéis trí bliana an NSAI. San am i láthair meabhraíonn cur i gcrích na straitéise seo ar ábharthacht agus ar thábhacht obair an Údaráis agus tiomantas a mhuintire. Mar lárionad neamhspleách feabhais na hÉireann maidir le forbairt caighdeán, deimhniúcháin agus méadreolaíocht, chomhtháthaigh an NSAI na réimsí seo saineolais le tionscnaimh eile de chuid an rialtais, agus an géarghá chun buntáiste iomaíoch a thógáil le haghaidh gnólachtaí atá bunaithe in Éirinn.

Chuaigh an NSAI in oiriúint go héifeachtach leis an coinníollacha síorathraitheacha sa gheilleagar agus cuireann sé seo béim ar sholúbthacht agus ar fhreagrúlacht an Údaráis. Ní amháin gur leanadh le cuspóirí an Phlean Straitéisigh go rathúil, ach cuireadh tionscnaimh nua i bhfeidhm chun plé le riachtanais nach rabhthas ag dúil leo in Éirinn, agus le héilimh idirnáisiúnta níos leithne.

Trí sheirbhísí a sholáthar faoi na dtrí chatagóir de Chaighdeán, Dheimhniúchán agus Méadreolaíocht, éascaímid fiontar na hÉireann trí dhul i ngleic leis an iliomad riachtanais phráinneacha atá ag gnólachtaí na hÉireann, chomh maith lenár gcreatlach níos fadtéarmaí infreastruchtúir a mhéadú chun tacú le gníomhaíochtaí geilleagracha na hÉireann. Táimid ag cuidiú freisin le buntáiste iomaíoch a chruthú agus chun tomhaltaóir a chosaint go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.



Tá straitéis nua á forbairt agus cuirfidh sé seo chun ár gcuuspóirí chun cuidiú le geilleagar na hÉireann teacht slán trí chaighdeáin, dheimhniúchán agus mheadreolaíocht.

De réir mar a tháinig 2011 chun deiridh, léiríonn dhá phríomhrath na gnéithe éagsúla de ról an NSAI.

I.S. a thabhairt isteach. Atreisiúnn EN ISO 50001 clú na hÉireann i réimse na gcaighdeán bainistíochta fuinnimh. Sáraíonn an caighdeán domhanda seo an caighdeán Eorpach, I.S. EN 16001, a forbraíodh mar thoradh ar chaighdeán bainistíochta na hÉireann (I.S. 393). Chuir comhlachtaí na hÉireann go mór leis na caighdeáin seo agus tacaíonn fiontar na hÉireann leis seo, agus breis agus 50% de chomhlachtaí móra lonnaithe in Éirinn ag cur na gcaighdeán seo i bhfeidhm.

Léiríonn an dara gné inoiriúntacht an Údaráis agus freagrúlacht do riachtanais thomhaltóirí na hÉireann. Céim thábhachtach ba ea SWIFT 8 a thabhairt isteach le aghaidh Aláraim Aonocsaíd Charbóin ar an ábhar gur shainaithin ceann de Choistí Comhairliúcháin an NSAI díothachtaí áirithe sa Chaighdeán Eorpach. (EN 50291-1:2010). Cuireadh mearfheagra i bhfeidhm chun caighdeán na hÉireann a chruthú a réiteodh na fadhbanna seo. Rinneadh é seo tríd an meicníocht SWIFT agus laghdóidh sé an bhearna sula dtabharfar isteach caighdeán athbhreithnithe EN.

I mbliana freisin chonacthas dul chun cinn tábhachtach maidir leis an tomhaltóir a chosaint nuair a ionchúisíodh stad freastail miondíola den chéad uair as dáileoir míchruinn breosla leachtach a úsáid.

An Bord Stiúrthóirí

Tá Bord Stiúrthóirí an NSAI tiomanta don bhrabús is fearr ar infheistíocht cistí poiblí agus na caighdeáin is airde den rialachas corparáideach a chinntiú. Tháinig athruithe móra ar an Údaráis sna blianta deireanacha seo, i dtéarmaí foirne agus maoinithe, agus chinntigh muid go leantar de phrionsabal luach ar airgead a chur i bhfeidhm ar ghníomhaíochtaí uile an Údaráis. Dá réir sin, thug an Bord agus an fhoireann bainistíochta faoina chuid dualgas le tiomantas iomlán dár gcuid freagrachtaí mar ghníomhaíocht reachtúil, agus chinntigh muid go bhfuil ar socruithe rialachais oiriúnach dár staid mar chomhlacht um chaighdeáin náisiúnta na hÉireann.

Ionchas

Bliain dhúshlánach eile a bheidh in 2012 don NSAI, d'Éirinn agus do gheilleagar domhanda. Tá cuid mhór éiginnteachta ann ach, ar mhicrea-leibhéal, céim dhearfach chun tosaigh is ea seachadadh rathúil NSAI an Phlean Straitéisigh le haghaidh ghnólachtaí agus thomhaltóirí na hÉireann. Tá straitéis nua á forbairt agus cuirfidh sé seo lenár gcuuspóirí chun cuidiú le geilleagar na hÉireann teacht slán trí chaighdeáin, dheimhniúcháin agus méadreolaíocht.

Buíochas

Thar ceann an NSAI, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton T.D., leis an Aire um Ghólaíochtaí Beaga, John Perry T.D. agus le hOifigigh na Roinn as ucht a gcuid tacaíochta in 2011.

Mar Chathaoirleach, ba mhaith liom buíochas freisin a ghabháil le mo chomh-chomhaltaí Boird as ucht a gcuid tacaíochta agus tiomantais. In 2011, chuaigh ceathrar as Bord an NSAI ar scor. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Jennifer Murnane O'Connor, Eddie Wade, Richard Hadfield agus Helen Curley as dtiomantas agus as a ranníocaíocht luachmhar le linn a gcuid tionachtaí.

Tá buíochas mór faoi leith tuillte ag an iliomad eagraíochtaí, baill choiste agus saineolaithe tionscadail as an ionchur suntasach a bhí acu agus páirtíocht tionscadail a éascú san obair a bhain le caighdeánú agus le feachtas an phobail a leathnú maidir le scóp agus suntas na gcaighdeán.

Tá ranníocaíocht agus tiomantas na foirne lárnach d'fheidhmíocht an NSAI, agus cuireadh dúshlán leantacha 2011 i gcrích le tiomantas, le díograis agus le gairmiúlacht. Tá an Bord agus an fhoireann bainistíochta buíoch den tiomantas leantach seo chun seirbhísí d'ardchaighdeán a sheachadadh agus muinín ghnó a choinneáil san NSAI.



Ann Riordan
Cathaoirleach

TUARASCÁIL ÓN POF

IN 2001 BHÍ TREOIR IONTACH SOILÉIR MEÁNTÉARMA GEILLEAGAIR AGUS BEARTAIS TRÍD AN GCLÁR UM THÉARNAMH NÁISIÚNTA AGUS TRÍ CHLÁR AN RIALTAIS. SAN NSAI RINNEAMAR ÁR STRAITÉIS, ÁR GCLÁIR OIBRE AGUS ÁR BPRÍORACHTAÍ A ATHAILÍNIÚ DÁ RÉIR.

Margaí á nOscailt

Is é an chéad agus is dócha an trascholún is tábhachtaí i straitéis an NSAI ná 'Infreastruchtúr an Mhargaidh Oscailte'. Tagraíonn an fhoclaíocht seo do Mhargadh Oscailte an AE agus d'uaimhian an NSAI tuilleadh rochtana a chur ar fáil do mhargaí tríd na gléasanna a sholáthar chun na ceisteanna infreastruchtúir a bhaineann leis an bhainistiú. Do mhargadh ar bith tá roinnt rialaithe coinníollacha ann a chiallaíonn go mbíonn rath ar chúrsaí trádála agus uasmhéid den sriantacht air, ach ag tomhaltóir agus an tsochaí mhór a chosaint ag an am céanna. Léirítear é seo tríd an tsamhail shimplithe den Eagraíocht Forbartha Tionscail na Náisiún Aontaithe (UNIDO) ar an gclúdach tosaigh. Cuireann sé in iúl tábhacht an idirnaisc idir Méadreolaíocht, Caighdeáin agus Measúnú Comhréireachta, agus tá gach ceann acu faoi shainchúram an NSAI. Téann an téama seo trínár gcuid oibre agus tríd an tuarascáil seo. Forbrófar ár samhail infreastruchtúir sna blianta beaga romhainn mar ghléas níos soiléire chun cuidiú le fás na hearnála chomh maith le fás ginearálta sa gheilleagar.



Ag obair ar bhonn laethúil, mar a dhéanaimid leis an heagraíochtaí atá chun tosaigh san earnáil phríobháideach, tá NSAI in áit mhaith chun dea-chleachtas gnó a chur in oiriúint de réir riachtanais earnáil phoiblí na hÉireann.

Ailíniú leis an gClár Rialtais

In 2001 bhí treoir iontach soiléir meántearma geilleagair agus beartais tríd An gClár um Théarnamh Náisiúnta agus trí Chlár an Rialtais, a chomhaontaigh an Comhaontas Nua-Thofa idir Fine Gael agus an Lucht Oibre i bhFeabhra. San NSAI rinneamar ár straitéis, ár gclár oibre agus ár bpríorachtaí a athailíniú dá réir, agus iad beirt ag leibhéal faoi leith moltaí agus éirim straitéiseach atá sna doiciméid seo. Trína bheith ag obair go dlúth le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), threisíomar ár n-iarrachtaí chun an infreastruchtúr tacaíochta a sholáthar chun éifeachtúlacht fuinnimh ár stoic tithíochta a uasghrádú agus chun bainistíocht éifeachtach fuinnimh sa tionscadal a chur chun cinn trí sheoladh ISO50001. Thosaíomar ar obair freisin le Cumann Idirlíon na hÉireann ar chaighdeán chun tacú le soláthar seirbhísí néalríomhaireachta. Tá cur síos déanta ar an dá chlár in áiteanna eile sa tuarascáil. Is iad na réimsí móra beartais ar féidir an NSAI cur go mór leo ná athchóiriú na hearnála poiblí agus tacú le fás geilleagrach atá saibhir maidir le cruthú fostaíochta de.

Athchóiriú na hEarnála Poiblí

Ag obair ar bhonn laethúil, mar a dhéanaimid leis an heagraíochtaí atá chun tosaigh san earnáil phríobháideach, tá NSAI in áit mhaith chun dea-chleachtas gnó a chur in oiriúint de réir riachtanais earnáil phoiblí na hÉireann. Chuidigh ISO 9001, an caighdeán bainistíochta is mó a bhfuil glacadh leis go hidirnáisiúnta, le heagraíochtaí casta corparáideacha fócas láidir custaiméara, gluaiseacht foirne, nósanna imeachta cuíchóirithe, agus fócas soiléir ar chuspóirí intomhas a chruthú agus is iad sin na dúshláin atá roimh

ghrúpaí san earnáil phoiblí sa lá atá inniu ann. Lean an NSAI dá oiriúint agus sainmhíniú faoi leith de ISO 9001 a chur chun cinn d'earnáil phoiblí na hÉireann. Gné dhúshlánach is ea an infheistíocht ama chun tosaigh a aimsiú chun córais den chineál sin a chur i bhfeidhm le linn tréimhse athdhaingnithe trí ghearradh siar, ach tá córais dhaingne chruthaithe i bhfeidhm ag eagraíochtaí tosaigh ar nós Údarás Eitlíochta na hÉireann agus (IAA) Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) a bhfuil díbhinní saibhre ag teacht astu agus a sársheachadadh feidhmíochta a éascú. Tréaslaím ach go háirithe leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) a d'oibrigh in 2011 le bheith mar chéad chomhlacht poiblí in Éirinn leis an gcomhdheimhniúchán go ISO 9001 (Bainistíocht Cáilíochta), ISO 14001 (Bainistíocht Comhshaoil) agus OHSAS 18001 (Bainistíocht Sláinte & Sábháilteachta).

Agus na gléasanna a sholáthar le haghaidh feidhmíocht fheabhsaithe san earnáil phoiblí, ní mór dúinn a léiriú freisin cumas s'againn féin chun athchóirithe a dhéanamh, sábháilteachtaí a ghiniúint, agus feidhmíocht a fheabhsú san NSAI féin. Sa chomhthéacs seo tá sprioc againn lón na foirne a laghdú le 30% ó leibhéal na ndéich mbliana a chuaigh thart ach seirbhísí a chothabháil san am céanna. Is é seo beagnach a dhá oiread de sprioc foriomlán Chomhaontú na hEarnála Poiblí agus ní féidir é a bhaint amach ach amháin má éiríonn linn an brábús ar infheistíocht a bhaint amach atá déanta againn sna blianta deireanacha seo i gcúrsaí ICT agus inár gcóras féin bainistíochta ISO 9001. Go príomha trí gan daoine a fhostú in áit daoine atá ar scor agus a gcuid oibre a athdháileadh, beidh laghdú de 20% faighte cheana féin ag NSAI i bhfoireann seachadta seirbhíse agus laghdú de

TUARASCÁIL ÓN POF (ar lean)

In 2011, seoladh scéim dheimhniúcháin a forbraíodh le sainchuspóir SWiFT 3000 trí mheascán de phróisis agus de shaineolaithe an rialachais chorparáidigh lena áirithiú nach bhféadfadh ach le boird dea-rialaithe deimhniúchán a bhaint amach.

bhreis agus 35% i líon na foirne bainistíochta faoi Fheabhra 2012. Arís, agus é ag glacadh le dea-chleachtas ón earnáil phríobháideach, tá sé roinnt tionscadal LEAN beartaithe ag an NSAI lena áirithiú go gcaitear uaschéadatán den am ar ábhar a bhfuil toradh ceart leis dár gcustaiméirí, ag cinntiú go gcoinnítear leibhéil seirbhíse de réir mar a laghdaítear líon na foirne.

Rialachas Corparáideach a Fheabhsú

Le linn 2010, mar fhreagra ar ábhair imní sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí, chuir NSAI SWiFT 3000 amach: Cód Cleachtais chun Rialachas Corparáideach a Mheas, tionscnaithe ag an Institiúid Stiúrthóirí (Iod) agus tacaíthe go láidir ag lucht gnó, agus ag comhlachtaí gairmiúla agus stáit. In 2011, seoladh scéim dheimhniúcháin a forbraíodh le sainchuspóir SWiFT 3000 trí mheascán de phróisis agus de shaineolaithe an rialachais chorparáidigh lena áirithiú nach bhféadfadh ach le boird dea-rialaithe deimhniúchán a bhaint amach. Tréasláim leis an SEAI as siocair go bhfuil sé ar an gcéad chomhlacht poiblí in Éirinn atá deimhnithe, agus le Fiontraíocht Éireann a bhí go maith chun tosaigh sa phróiseas faoi dheireadh 2011.

Fás Geilleagrach agus Poist

Tá an Earnáil Mhíochaine sainaitheanta ag an Rialtas mar réimse tosaíochta a bhfuil an cumas ann fás leanúnach a sheachadadh. In 2011, tá áit an NSAI neartaithe arís mar chomhlacht céad sraithe a dtugtar fógra dó faoi fhaomadh láithreáin agus táirge. Cuireann sé seo go mór leis an tacaíocht atá ar fáil do ghólachtaí nuathionscanta agus ba chóir cás na hÉireann a mheas mar lárionad domhanda feabhais sa tionscadail seo. Tá borradh déanta againn ar ár n-aschur maidir leis an deimhniúchán Feistithe Leighis gach bliain ó 2008 agus arís d'éirigh linn fás de bhreis

agus 10% a bhaint amach in 2011 tríd an gcomhstraitéis a leanúint, comhstraitéis a bhain le díriú ar na corparáidí mór lonnaithe i SAM ag an bhfoinse agus le tacú le tionscadal dúchasach agus fochuideachtaí na gcuideachtaí ilnáisiúnta in Éirinn, go príomha ar an gcósta thiar. Go deimhin, tá súil againn oifig Deimhniúcháin Feistithe Leighis a oscailt i nGaillimh le linn 2012, le bheith níos cóngaraí don mhargadh seo.

Réimse eile a bhféadfadh ardfhás a bheith ann is ea an earnáil bia agus tamhlaíochta atá seirbhísithe ag caighdeáin NSAI agus na gclár deimhniúcháin, a fhorlónann obair An Bord Bia agus FSAI. Tá príomhcuideachtaí na hÉireann ag feidhmiú cheana féin ar chaighdeáin an-ard agus tá an NSAI ag moladh do sainchuideachtaí beaga bogadh ar aghaidh níos faide ná bunriachtanais miondíola slabhra agus na caighdeáin um Shábháilteacht Bia (FSCC) agus ISO 22000 a chur i bhfeidhm mar ardán le haghaidh margaíochta easpórtála.

Go dáta, 'glacóir le caighdeáin' ba ea Éire go príomha in áit a bheith ina 'déantóir caighdeán' idirnáisiúnta. Agus aird leanúnach náisiúnta ar nuálaíocht agus ar ghnó atá níos dírithe ar fhaisnéis, tá gá le dul i ngleic leis an bpróiseas caigheánaithe ar leibhéal níos réamhghníomhaí. Leanfaidh an NSAI de rannpháirtíocht níos fearr ag innealtóirí agus eolaithe na hÉireann a chur chun cinn, go háirithe iad siúd a bhfuil baint ach le forbairt nuálaíoch táirge agus próisis. Tá an fhaisnéis atá le fáil ón margadh dochreidte agus tá roinnt cuideachtaí in Éirinn, ar nós Daon and Dromone Engineering, ag baint úsáide cheana féin as obair chaighdeánaithe chun margái sa todhchaí a mheas agus a chruthú dá gcuid táirgí. Tá sé measta de réir roinnt staidéar geilleagrach ag ISO agus ag comhlachtaí um chaighdeáin náisiúnta ar fud an domhain gur fiú luach an chaighdeánaithe don fhás geilleagrach ná 1% den OTI. Tugann tionscadal an NSAI 'Your Standards, Your Say' do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide rochtain tosaigh fhurasta lonnaithe ar an Idirlíon d'obair forbartha i réimse ar bith agus féadann sé a bheith mar réamhtheachtaí do rannpháirtíocht iomlán i gcúrsaí caighdeánaithe.

I dtús, mar gheall ar staidéar údarásach inar léiríodh nasc cúisíoch sonrach idir cur i bhfeidhm ISO 9001 agus feidhmíocht fheabhsaithe mharthanach, dhíríomar aird nua ar an mbuntáiste iomaíoch a bhain le ISO 9001 agus caighdeáin eile bhainistíochta le haghaidh gnó. Fuair cuideachtaí na hÉireann buntáiste suntasach margaíochta le linn na 1990í de bhrí gur ghlac siad go luathe leis an gcaighdeán ISO 9001 nár aithníodh chomh forleathan ag an am sin. In ainneoin go bhfuil buntáiste seo an cheannródaí i léig le tamall fada, léirítear i dtaighde ó Harvard gan aon

Creidimid go bhfuilimid ag dul sa treo ceart agus go bhfuil na hionchais sa todhchaí le haghaidh ról an NSAI maidir leis an téarnamh geillgearach sármhaith. Fiú leis na hacmhainní laghdaithe againn féin, tá an NSAI in áit mhaith chun cur go mór leis seo trí bhearta cuí maidir le bonneagar margaíochta agus iad seo a bhfuil cur síos déanta orthu anseo.

dabht gurbh fhéidir buntáiste feidhmíochta níos bunúsaí agus níos inmharthana a bhaint amach. Creideann an NSAI go bhfuil bonn láidir ag Éirinn sa réimse seo agus déanfaidh sé iarracht an saineolas atá sa tír a úsáid chun buntáiste nua iomaíoch a lorg trí aird bhríomhar ar bhunchaighdeán agus ar fheabhas gnó.

Airgeadas

I rith bliana inar laghdaíodh ár maoiniú ón státchiste le 14%, d'éirigh linn a bheith ag feidhmiú de réir dianspriocanna airgeadais agus laghdaíomar líon na foirne. D'éirigh linn feidhmíocht an-láidir a sheachadadh atá soiléir as siocair gur choinníomar leibhéal ioncaim ag €18.6m, agus d'éirigh linn laghdú de breis agus 4% eile a bhaint amach i gcostais agus chuireamar in iúl barrachas de €0.9m. Le linn 2011, lean an NSAI ar chlár teoranta caiteachais chaipitil. Bhí sé mar phríomhfhorbairt ná toilleadh inár gcórais mhéadreolaíochta a fheabhsú sa tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta (NML) trí chóras uathoibríthe láimhseála a choimisiúnú le haghaidh calabrúcháin ollmhóir. Méadóidh an breisiúchán seo toilleadh an NSAI le haghaidh calabrúcháin ollmhóir, gné dár gcuid oibríochtaí atá ag éirí níos gnóthaí de réir a chéile.

Cumarsáidí agus Feasacht

Leanadh de ghníomhaíochtaí cumarsáide agus feasachta i rith na bliana. Chuir cur chuige nua, trí theistiméireachtaí cliant a úsáid, le leibhéal mhéadaithe cuairteoirí ar láithreán Gréasáin an NSAI, agus lean feachtais feasachta de chur le caighdeán agus ceistanna le leas an phobail.

Tá sé tuairiscithe ag RepTrak, suirbhé a mheasann clú na n-eagraíochtaí is mó agus is feiceálaí in Éirinn (agus ar fud an domhain), go sáraíonn an NSAI meánscór Pulse na hÉireann le 5 phointe agus go raibh sé in áit mhaith laistigh de chatagóir thionscadal na Seirbhísí in 2011. Is figiúir an-dearfacha iad seo agus léiríonn siad go bhfuilimid, trí fheasacht a ardú sa tionscadal, ag soláthar deiseanna níos fearr do ghnólachtaí úsáid a bhaint as seirbhísí an NSAI agus buntáiste iomaíoch a thógáil i ndomhan an ghnó agus i ndomhan na gcustaiméirí.

Conclúid

Creidimid go bhfuilimid ag dul sa treo ceart agus go bhfuil na hionchais sa todhchaí le haghaidh ról an NSAI maidir leis an téarnamh geillgearach sármhaith. Fiú leis na hacmhainní laghdaithe againn féin, tá an NSAI in áit mhaith chun cur go mór leis seo trí bhearta cuí maidir le bonneagar margaíochta agus iad seo a bhfuil cur síos déanta orthu anseo.

Mar gheall ar na dúshláin a bhí ar ár n-eagraíocht i rith na bliana, ba mhaith liom díograis agus spiorad fhoireann iomlán an NSAI a aithint faoin dóigh ar chuir siad iad féin in oiriúint de réir cúinsí athraithe ach gur éirigh leo na spriocanna céanna a bhaint amach de réir mar atá leagtha amach inár bPlean Straitéiseach. Éacht mór is ea seo de réir na cúinsí agus tá sé soiléir nach gcuirfimis an plean i gcrích gan a gcuid iarrachtaí.

Gabhaim buíochas freisin lenár gcomhpháirtithe in earnáil na tionsclaíochta agus sa Rialtas as ucht a gcuid tacaíochta, agus gabhaim buíochas le Bord an NSAI agus leis an mbainistíocht mar gheall ar a gcuid oibre i rith na bliana chun ár gcuspóirí a bhaint amach.



Maurice Buckley

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

CAIGHDEÁIN

CUIDÍONN CAIGHDEÁNÚ LE GNÓLACHTAÍ NA HÉIREANN TRÁDÁIL Ó GHEILLEAGAR OSCAILTE NA HÉIREANN ISTEACH SNA MARGAÍ DOMHANDA. TÁ AN ROCHTAIN LÁITHREACH GAN SRIAN SEO AN-TÁBHACHTACH DE RÉIR MAR A LEANTAR AR AGHAIDH LE HIARRACHTAÍ TÉARNAIMH AN GHEILLEAGAIR.



Trí an trasghearradh de sheirbhísí atá curtha ar fáil, tá roinnt pointí iontrála do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide dul i ngleic leis an NSAI, agus féadtar le Caighdeáin an NSAI cuidiú leis na gnólachtaí seo sochair na gcaighdeán a ghíaráil don earnáil s'acu.

Is é Caighdeáin NSAI an Foras aitheanta Náisiúnta um Chaighdeáin d'Éirinn (NSB). Tá sé freagrach as caighdeáin a fhoilsiú, a chur chun cinn agus a dhíol, ach is é a ról lárnach ná comhordú rannpháiríocht thionscadal na hÉireann i bhforbairt agus i gcur chun cinn doiciméid a bhaineann le Sonraíocht an Chaighdeáin Éireannaigh, Eorpaigh agus Domhanda.

Nuair a ghltar le caighdeáin choitianta idirnáisiúnta is amhlaidh go gcruthaítear páirc leibhéal imeartha do ghólachtaí na hÉireann atá ag díol isteach ar mhargaí na hEorpa agus an domhain. Cuidíonn caighdeánú le gnólachtaí na hÉireann trádáil ó gheilleagar oscailte na hÉireann isteach sna margaí domhanda. Tá an rochtain láithreach gan srian seo an-tábhachtach de réir mar a leantar ar aghaidh le hiarrachtaí téarnaimh an gheilleagair. Trí bhonneagar náisiúnta comhairliúcháin a oibriú, a sholáthraíonn rochtain rannpháirtíocht d'earnáil na tionsclaíochta ar na próisis um forbairt chaighdeán, tacaíonn Caighdeáin an NSAI le polasaí an Rialtais faoi roinnt ceannateideal, lena n-áirítear:

- **Easpórtálacha:** Mar gheilleagar atá tiomanta ag easpórtálacha, ní mór don easpórtáil a bheith chun tosaigh i dtéarnamh na hÉireann. Tá sé riachtanach gurb iad na caighdeáin atá glactha ag fiontair na hÉireann na caighdeáin sin atá aitheanta agus glactha leo go domhanda ina n-earnáil féin agus, go hídéalach, a chuidíonn le fiontair na hÉireann buntáiste an cheannródaí a fháil de réir mar a thagann caighdeáin nua chun cinn. Chun margadh na heaspórtála a éascú tá bunús obair an NSAI dírithe ar leibhéal idirnáisiúnta, ag forbairt caighdeán lenár gcomhpháirtithe in CEN, CENLEC, ISO agus IEC. Chuige sin, tugann rannpháirtíocht sa chaighdeánú d'fhiontair: faisnéis luachmar roimh ré ar dhréachtshonraíochtaí ar dócha a bheith mar bhonn le caighdeáin foilsithe sa todhcháil; agus an cumas chun ábhar na gcaighdeán seo a mhúnlú agus tionchar a imirt orthu go luath. Sa deireadh, soláthraíonn sé seo rochtain ar mhargaí agus ar shlabhraí soláthair atá tábhachtach le haghaidh fáis a bhfuil easpórtáil chun tosaigh ann.
- **Nuálaíocht & Tráchtálaíocht:** Bunaidhm de chuid an Rialtais is ea geilleagar inmharthana a fhorbairt a bhuil an nuálaíocht chun tosaigh ann a choinníonn a bhuntáiste iomaíoch agus a mhéadaíonn táirgiúlacht. Cé

gur measadh go traidisiúnta gurbh í an teicneolaíocht a bhí chun tosaigh sa nuálaíocht, amharctar air sa lá atá inniu ann i gcomhthéacs níos leithne. Cuirtear síos ar an nuálaíocht anois mar shaothré smaointe nua sa tóir ar bhuntáiste iomaíoch. Áirítear leis seo táirgí agus seirbhísí nua nó méadaithe a fhorbairt, ach áirítear leis seo freisin samhlacha nua gnó, struchtúir nua eagrúcháin agus cleachtais nua oibre a thabhairt isteach. Is é an caighdeánú an pháirt lárnach maidir leis na buntáistí a chódú, a fháil agus a thráchtáil chun geilleagar glic atá bunaithe ar fhaisnéis a thógáil.

- **Ag tacú le Gnéthais Bheaga agus Mheánmhéide:** In 2011 foilsíodh tuarascáil an Ghrúpa Chomhairliúcháin um Gnéthais Bheaga. Sa tuarascáil léirítear tábhacht na ngnóthas beag do Gheilleagar na hÉireann: fostaíonn thart faoi 200,000 gnóthas bheaga breis agus 650,000 duine. Feidhmíonn na gnólachtaí seo thar réimse an-leathan earnálacha agus gníomhaíochtaí, lena n-áirítear bogearraí, teicneolaíochtaí míochaine, táirgeadh bia, ábhar digiteach, turasóireacht, gnólachtaí miondíola agus mórdíola, agus seirbhísí proifisiúnta. Feidhmíonn cuid mhór acu gan mórán acmhainní i dtimpeallachtaí ina bhfuil caighdeáin a chomhlíonadh nó a bheith ag brath ar chaighdeáin ina bhunriachtanas iontrála. Is mian le cuid mhó fiontar bheaga agus mheánmhéide an t-aistriú a dhéanamh ó bheith ina 'glacóir le caighdeáin' le bheith ina 'déantóir caighdeán', agus baineann siad úsáid as cumas an chaighdeánaithe chun a ghnólacht a fhás níos gaiste.

Trí an trasghearradh de sheirbhísí atá curtha ar fáil, tá roinnt pointí iontrála do Gnéthais Bheaga agus Mheánmhéide dul i ngleic leis an NSAI, agus féadtar le Caighdeáin an NSAI cuidiú leis na gnólachtaí seo sochair na gcaighdeán a ghíaráil don earnáil s'acu. Baintear é seo amach go príomha trí phróiseas saor in aisce forbartha maidir le caighdeánú, lena chumas ollmhóir i dtaca le heolas margaíochta de.

Tá seirbhísí á méadú freisin ar líne trí thionscnaimh faoi leith faisnéise d'earnáil na nGnéthas Beag agus Meánmhéide. Cor cinniúna maidir leis an bpróiseas comhairliúcháin a mhéadú

CAIGHDEÁIN (ar lean)

ba ea an áis ar líne Do Chaighdeáin Do Thuairim, maidir le doiciméid theicniúla agus chaighdeán ag céimeanna forbartha.

De réir mar a thagann bonneagar trádála na hEorpa chun cinn tríd na Treoracha nua maidir le Cur Chuige agus Caighdeáin Chomhchuíbhithe, is le leas mór na hÉireann an cumas chun tionchar a imirt ar ábhar na gcaighdeán. Tá na deiseanna a d'fhéadfaí a bheith do chuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn dul i ngleic i bhforbairt táirge agus seirbhís agus i dtrádáil a bhfuil easpórtáil chun tosaigh ann ag fás de réir mar a laghdaítear na constaicí teicniúla ann don trádáil. Chun buntáiste a bhreith air seo, áfach, ní mór do chuideachtaí na hÉireann a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach agus leis an méid is lú maorlathas faoi réir rialacháin idirnáisiúnta teicniúla a, de réir an dea-chleachtais nua-aimseartha is fearr, thagraíonn do chaighdeáin theicniúla atá ábhartha lena chéile agus atá ag brath ar a chéile.

Coistí Comhairliúcháin

Mar gheall ar rialacha idirnáisiúnta, tá guth cothrom ag Éirinn le tíortha atá i bhfad níos mó sa phróiseas idirnáisiúnta caighdeánaithe agus foirmíonn Caighdeáin an NSAI an t-inchur náisiúnta trí chomhairliúcháin le grúpaí leasmhara tomhaltóirí, timpeallachta, tionscadail agus rialtais.

Ceaptar Coistí Comhairliúcháin an NSAI de réir Rannán 10 d'Acht an NSAI, 1996, chun na feidhmeanna seo a leanas a chur i gcrích:

- chun comhairle a chur ar an NSAI, de réir mar a iarratar é, faoi Chaighdeáin na hÉireann agus faoi Chóid Chleachtais atá riachtanach le haghaidh táirgí agus próiseas, laistigh de réimse oibre na gCoistí;
- chun caighdeáin chuí agus cóid chleachtais a dhréachtú, agus leasuithe, chun go nglacfaidh an NSAI leo;
- lena áirithiú go dtéitear i mbun comhairle le páirtithe leasmhara in Éirinn maidir leis na caighdeáin seo a dhréachtú.

Le linn 2011, d'éascaigh an NSAI breis agus 50 coiste le breis agus 1,500 saineolaí a thug a gcuid ama saor in aisce lena áirithiú go mbeadh ionadaíocht ag rannpháirtíocht na hÉireann sna coistí náisiúnta caighdeán agus sa réimse mhór de dhoiciméid na gcaighdeán seo a foilsíodh i rith na bliana (Fíor 1). Bíonn na saineolaithe seo le leas a gcuid eagraíochtaí féin trí rochtain eiseachtúile do ghréasán na saineolaithe tionscadail (lucht taighde, custaiméirí a d'fhéadfadh a bheith ann, lucht iomaíochais agus soláthróirí), an rochtain luath a bhí ar chaighdeáin nua faoi fhorbairt dá bharr agus an cumas chun tionchar a imirt ar chaighdeáin a mhúnláíonn an margadh don todhchaí.

CAIGHDEÁIN - SRACFHÉACHAINT

BONNEAGAR AN MHARGAIDH OSCAILTE

Rannpháirtíocht Ghnó

In 2011, lean an NSAI dá thionscnamh chun lucht teicneolaíochta na hÉireann ón tionscadal agus ó institiúidí taighde páirt dhíreach a ghlacadh sa chaighdeánú idirnáisiúnta. Go sonrach, is tríd an ISO, IEC, CEN, CENELEC agus an ETCI atá sé seo, mar a dtacaítear le margaí idirnáisiúnta. In 2011 bhí méadú de 52% ar rannpháirtíocht ghnó ag an leibhéal idirnáisiúnta caighdeánaithe, go dtí breis agus 200 saineolaí ghníomhacha. Cuideoidh méaduithe breise i leibhéil na rannpháirtíochta a ghlacann gnólachtaí sa chaighdeánú idirnáisiúnta luas a chur faoin bhfás geilleagrach i réimsí na teicneolaíochta ar nós ICT, teicneolaíocht ghlas, feithiclí leictreonacha, eangaí cliste agus fuinneamh malartach.

1,4000 Caighdeán Foilsithe

Tháinig méadú de bhreis agus 20% ar líon na ndoiciméad caighdeán a d'fhoilsigh an NSAI le linn na bliana, go dtí beagnach 2,000, lena n-áirítear 1,4000 caighdeán nua. Is ionann leabharlann an NSAI de dhoiciméid chaighdeán anois agus breis agus 23,000, agus díoladh breis agus 12,000 foilseachán i réimse leathan earnálacha in 2011.

Tá tromlach de Chaighdeáin an NSAI dírithe ar leibhéal idirnáisiúnta, agus is é an toradh atá ann go bhfuil laghdú ar an ngá le caighdeáin dhúchasacha sna blianta beaga anuas. Go deimhin, inár ról mar Bhallstát de chuid an AE, tá próiseas ann chun caighdeáin reatha náisiúnta a aisghairm de réir mar a thagann Gnáthchaighdeáin na hEorpa ina n-áit. In 2011, d'aisghairm an NSAI thart faoi 900 doiciméad.

Ní dhéantar caighdeáin dhúchasacha a thionscnamh nuair a bhíonn riachtanais shonracha faoi leith a mbíonn freagra náisiúnta de dhíth orthu. Le linn 2011, foilsíodh seacht ndoiciméad caighdeán náisiúnta, lena n-áirítear dhá chaighdeán iomlána náisiúnta:

- I.S. 441:2011 Riachtanais ó thaobh cáilíochta le haghaidh múirín déanta as ábhair in-bhithmhílte as foinse scartha, bailithe ar leithligh (féach leathanach 12).
- I.S. 419:2011 Riachtanais um shábháilteacht dóiteáin le haghaidh páirteanna troscán.

Fíor 1 ina bhfuil líon na gcaighdeán agus líon na ndoiciméad tacaíochta a d'fhoilsigh an NSAI. Déantar iad seo a mhíniú thíos.

Fíor 1 Doiciméid Chaighdeán a foilsíodh in 2011

	Caighdeáin	Ceartúcháin	Leasuithe	S.R.	Iarscríbhinn Náisiúnta	SWIFT
CENELEC	354	35	79	11	0	0
CEN	1,050	194	39	213	4	0
NSAI	2	2	1	0	0	2
Iomlán	1,406	231	119	224	4	2



Pictiúr glactha ag seoladh an I.S 441 tá (ón gclé go dtí an deis) John O'Neill, an Roinn Comhshail, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Maurice Buckley, NSAI, Mr Phil Hogan T.D., An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Conor McGovern, rx3

Caighdeán

Caighdeán na hÉireann (I.S) - sonraíocht náisiúnta bunaithe ar chomhdhearcadh painéal saineolaithe, de réir comhairliúcháin phoiblí agus foilsithe ag an NSAI amháin.

Caighdeán na hEorpa (EN) - is caighdeán é glactha leis ag CEN/CENLEC agus oibleagáid infheidhmithe leis mar chaighdeán comhionann náisiúnta chomh maith le caighdeáin náisiúnta contrártha a bhaint ar shiúl. Nuair a ghlacann an NSAI leis, déantar Caighdeán na hEorpa a fhoilsiú mar I.S/ EN.

Ceartúchán

Doiciméad forlíontach le leagan amháin, dhá leagan nó na trí leagan ar fad sa Bhéarla, sa Fhraincis agus sa Ghearmáinis) d'fhoilseachán CEN/CENLEC, ina gceartaítear earráid nó dhó a tugadh isteach i ngan a bhfios sa dréachtú nó sa phriontáil, agus a d'fheadfaí cur i bhfeidhm mícheart nó míshábháilte a bheith mar thoradh air.

Leasú

Doiciméad forlíontach leasaithe le EN (agus Doiciméad Comhchuibhithe (HD) le haghaidh CENELEC) atá curtha chuig baill náisiúnta CEN/CENELEC lena chur i bhfeidhm go náisiúnta, le léamh i gcomhar leis an EN / HD sin agus a athraíonn agus/nó a chuireann leis na soláthair theicniúla ar aontaíodh leo cheana féin san EN / HD sin.

S.R.

Is doiciméad molta é Moladh Caighdeánach bunaithe ar chomhdhearcadh painéal saineolaithe, de réir comhairliúcháin phoiblí agus foilsithe ag an NSAI amháin.

Iarscríbhinn Náisiúnta

Gné fhorlíontach curtha ar chúl Chaighdeáin Eorpaigh a bhfuil glacadh leis (faisnéiseach go hiondúil) chun cuidiú leis an léitheoir an Caighdeán a thuiscint agus é a dhéanamh níos fusa le cur i bhfeidhm. Féadtar faisnéis a bheith ann a bhaineann leis an bhForas um Chaighdeáin Náisiúnta cuí.

SWiFT

Is ionann Sonraíocht Scríofa leis an Modh Mear agus doiciméad

moltach a forbraíodh go gasta bunaithe ar chomhdhearcadh na rannpháirtithe i gceardlann de chuid an NSAI.

FEIDHMÍOCHT GHNÓ FHEABHSAITHE

SWiFT

Is minic gur próiseas fadálach é an caighdeánú náisiúnta a bhaineann le comhairliúcháin fada, agus, sa deireadh, comhdhearcadh. Mar fhreagra ar an bpróiseas fadálach seo, thug an NSAI isteach coincheap SWiFT (Sonraíocht Scríofa leis an Modh Mear), ina dtáirgtear malartú atá níos oiriúnaí do riachtanais ghnó na hÉireann i gcúinsí áirithe ina mbíonn gá le práinn agus inar féidir comhdhearcadh leathan a bhunú go héasca.

Leanadh leis an bhfás ar an tábhacht le SWiFTanna - anois sa bhliain deiridh - in 2011. Aithnítear iad as siocair go mbrostaíonn siad le sonraíochtaí atá ann faoi láthair agus le cóid go gasta agus cuidíonn siad lena áirithiú go bhfuil caighdeán comhsheasmhachta ann maidir le táirgí agus seirbhísí. Cuireann SWiFTanna le tacaíocht bonneagair na hÉireann chomh maith le riachtanais thionscadail na hÉireann sa lá atá inniu ann chun sonraíochtaí an tionscadail a fhoilsiú in am. In 2011 rinneadh dhá thionscadail nua SWiFT a thionscnamh agus foilsíodh dhá SWiFT, a léirigh riachtanais shonracha na n-earnálacha tionscadail:

- SWiFT 7, chun paraiméadair chomhshaoil maidir le gual i málaí a fhóirú;
- SWiFT 8, ina bpléitear na hábhair imní a bhaineann le haláir Aonocsaíd Charbóin (féach leathanach 13).

AN NUÁLÁIOCHT AGUS AN GEILLEAGAR EOLASBHUNAITHE A CHOTHÚ

Do Chaighdeáin Do Thuairimí

Ceann de phríomhthionscnaimh na bliana ba ea seoladh na tairisí Do Chaighdeáin, do Thuairimí, trí láithreán Gréasáin an NSAI. Is ardán náisiúnta comhairliúcháin é Do Chaighdeáin Do Thuairimí ina n-éascaítear comhlachtaí móra, Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide agus daoine aonair chun tuairim a léiriú agus chun tionchar a imirt ar ábhar agus ar threo caighdeán trí thairseach ar líne a úsáid. Tá go leor buntáistí do thionscadail áirithe ag baint leis an tairseach www.n Sai.ie/yourstandardsyoursay:

- eolas réamh-mhargaíochta ar dhréachtchaighdeáin (na hÉireann agus idirnáisiúnta), a bhféadfaí tionchar a bheith acu ar a dtionscadal;
- follasacht níos fearr faoin dóigh a ndéantar caighdeáin a cheapadh;
- d'fhéadfadh cuideachtaí agus daoine aonair tuairim a nochtadh maidir le caighdeáin atá ag teacht chun cinn, ag imirt tionchar dá réir ar an gcaighdeán deiridh atá le foilsiú.

Is é an NSAI an cúigiú foras caighdeán sa domhan chun áis ar líne den chineál seo a sheoladh. Buntáiste atá sa láithreán Gréasáin seo do ghnólachtaí beaga arbh fhéidir nach bhfuil na hacmhainní acu páirt a ghlacadh go gníomhach i bhforbairt caighdeáin, gné nach amhlaidh le heagraíochtaí móra. Mar fhorbairt breise air seo, seolfaidh an NSAI tairseach thiomnaithe Ghréasáin in 2012.

CAIGHDEÁIN (ar lean)



Mark Fielding, ISME, Patricia Callan, SFA, Maurice Buckley NSAI ag seoladh Do Chaighdeán Do Thuairim

Oideachas

Tá an NSAI den tuairim le fada an lá nach féidir forbairt agus glacadh le caighdeáin a bhaint amach ach trí fheasacht phoiblí agus ghnó a ardú. Toisc go ndearnadh caighdeánú a ionchorprú i gcuracalam an oideachais tá sé riachtanach agus, sa chomhthéacs seo, in 2011 leanadh de chlár marthanach inar oibríodh go dlúth le coláistí tríú leibhéal in Éirinn. Soláthraíonn sé seo caighdeáin agus na buntáistí a bhaineann leo do lucht déanta cinnithe gnó an lae amáraigh. Is é an sprioc atá ann ná spéis agus tuiscint maidir le caighdeáin a spreagadh ón tús. I rith na bliana, chuir an NSAI na cuspoirí seo chun cinn trí 'Bhunachar Sonraí um Chaighdeáin Náisiúnta' a thabhairt isteach go hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus go hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, chomh maith le léachtanna a éascú le haghaidh mac léinn ar an ról a bhaineann le caighdeáin maidir lena réimse spéise féin.

Ag Tacú le hEarnálacha Teicneolaíochta agus Nuálaíochta atá ag teacht chun tosaigh

In ainneoin gur tháinig laghdú suntasach ar ghníomhaíocht san earnáil foirgníochta, tá sé aitheanta ag an AE mar "Mhargadh Tosaigh" ina féidir foirgníocht inbhuanaithe agus nuálaíocht a ghíaráil chun an leas is fearr a bhaint amach do chuideachtaí san earnáil seo.

In 2011 aistríodh ballraíocht na hÉireann san CENELEC agus IEC ó Chomhairle Leictre-Theicniúil na hÉireann (ETCI) go dtí an NSAI. Ciallaíonn inréimniú nua-aimseartha na teicneolaíochta nach bhfuil scileanna agus caighdeáin leictre-theicniúla leithleach ó chaighdeáin neamhleictre-theicniúla. Féadann oifigigh chaighdeán a bhfuil baint acu le caighdeáin a fhorbairt a bheith ag obair anois go héifeachtach fud fad bhonn tionsclaíoch na hÉireann le sainéolaithe agus iad ag roinnt tacar scileanna atá gaolmhar lena chéile, rud a éascaíonn dóibh caighdeáin a fhorbairt gan stró le haghaidh ISO nó IEC agus CEN nó CENELEC. Sampla maith de seo is ea réimse na bhfeistí leighis.

Chuir an NSAI fáilte roimh an aistriú seo ballraíochta mar bheart iomchuí le haghaidh a ról mar fhoras um chaighdeáin náisiúnta i ngach réimse den chaighdeánú. Cinnteofar leis an aistriú seo go

leanfar de shárobair ETCI sa todhchaí agus coinneofar rochtain réidh ar chaighdeánú do gheallsealbhoirí uile ETCI.

AG TACÚ LE HINBHUANAITHEACHT

I.S. EN ISO 50001 Caighdeán Bainistíochta Fuinnimh

Meastar go dtiocfaidh fás de bhreis agus 50% ar thomhaltas fuinnimh ar bhonn domhanda idir 2010 agus 2035. Tráth ina bhfuil praghasanna fuinnimh ag ardú, oibleagáidí náisiúnta comhshaoil ag méadú agus ábhair imní maidir le slándáil fuinnimh ag dul in airde, léiríonn sé seo gur gá d'eagraíochtaí a gcuid feidhmíochta i gcúrsaí fuinnimh a bhainistiú chomh héifeachtach agus is féidir.

Le linn 2011, sheol an NSAI caighdeán nua bainistíochta fuinnimh, I.S. EN ISO 50001, ina bhfuil clú na hÉireann mar cheannródaí i gCórais Bainistíochta Fuinnimh (EnMS) le feiceáil go fóill. Tagann sé seo sna sala ar fhorbairt caighdeáin bainistíochta fuinnimh na hÉireann (I.S. 393) in 2005, i gcomhar leis an SEAL, ar glacadh leis le húsáid mar chaighdeán Eorpach (I.S. EN 16001).

Tagann an caighdeán nua idirnáisiúnta seo in áit I.S. EN 16001, agus díreann ann ar bhainistíocht fuinnimh agus ar chaomhnú i gcúrsaí gnó. Ghlac sé trí bliana chun é a fhorbairt agus bhain sé le comhoibriú gníomhaíochtaí caighdeáin ó gach cearn den domhan. Áiríodh leis seo Coiste Comhairliúcháin um Chaighdeáin Fuinnimh an NSAI (ina raibh ionadaithe ó SEA, Rannóga Rialtais agus sainéolaithe tionscadail), a ghlac páirt i ngach cuid den phróiseas forbartha, a léirigh a shaineolas agus a thionchar dearfach sa chaighdeán úr seo a bhí ag teacht chun cinn agus a bhainistigh an t-inchur ó thionscadal na hÉireann agus ó Rannóga agus Gníomhaireachtaí Rialtais.

Tá ról suntasach ag éifeachtacht fuinnimh chun spriocanna fuinnimh inbhuanaithe na hÉireann a chomhlíonadh agus tá an céadatan is airde sa domhan ag an tír maidir le caighdeán bainistíochta fuinnimh a úsáid. Cuireann breis agus 50% de chuideachtaí lonnaithe in Éirinn caighdeáin den chineál sin i bhfeidhm agus tá sábháilteachtaí fuinnimh de €100 milliún bainte amach ag na cuideachtaí seo ó glacadh le cur chuige bainistíochta fuinnimh den chineál seo. Le linn 2012, déanfaidh an NSAI iarracht deiseanna forbartha i gcúrsaí gnó agus margaíochta a uasmhéadú in Éirinn trí ISO 50001 a chur chun cinn.

Caighdeán Éireannach I.S. 441 Cáilíocht Náisiúnta Múirín

Seoladh An Caighdeán Éireannach I.S. 441 in 2011, agus d'fhorbair Meitheal Oibre é a bunaíodh faoi Choiste Comhairliúcháin um Chaighdeáin Chomhshaoil an NSAI. Cuirtear chun cinn sa Chaighdeán forbairt an tionscadail múirínithe, cruthaíonn margaí le haghaidh múirín agus soláthraíonn sé teoracha ceannaigh do thomhaltóirí agus do ghnólaíochtaí. Tá sé dírithe ar chuidiú le hÉirinn a spriocanna maidir le Treoir maidir le Líonadh Talún de chuid an AE a bhaint amach trí dhramhaíl orgánach a chlaonadh ó líonadh talún, a chinntíonn go bhfuil asraonra ann, lena n-áirítear margaí ard-luacha, le haghaidh táirgí múirín atá déanta as an ábhar claonta. De réir InterTradeIreland, d'fhéadfaí an earnáil suas le 1,450 a fhostú go díreach.

PRÓIFÍL - SWIFT MAIDIR LE HALÁRAIM AONOSCAÍDE CHARBÓIN A FHOILSIÚ

Tá Aláraim Aonocsaíd Charbóin (CO) atá le húsáid in áitribh theaghlaigh clúdaithe ag an gCaighdeán Eorpach I.S. EN 50291 - 1:2010. Shainnithin ceann de Choistí Comhairliúcháin an NSAI, an Coiste um Chaighdeán Theicniúla Gáis (GTSC), roinnt díothachtaí sa Chaighdeán Eorpach, nach bhféadfaí ráthaíocht a chinntiú do chaighdeán agus d'iontaofacht Aláraim Aonocsaíd Charbóin.



Aláraim Aonocsaíd Charbóin

In 2011, thug an NSAI faoin tasc chun an Caighdeán Eorpach seo a athbhreithniú. D'fhone an bhearna am a líonadh chun I.S. EN 50291-1 a fhoilsiú agus a chur i bhfeidhm, mhol an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) go ndéanfadh an NSAI doiciméad a fhorbairt a d'fhéadfaí a úsáid go dtí go mbeadh Caighdeán Eorpach athbhreithnithe réidh. Roghnaíodh SWiFT mar mheicníocht chuí.

SWiFT 8:2011 - Foilsíodh riachtanais shonracha le haghaidh fearais leictirigh chun Aonocsaíd Charbóin a bhreith in áitribh theaghlaigh in Iúil 2011. Rinneadh na riachtanais shonracha seo a leanas a inchorpú le haghaidh Aláraim Aonocsaíd Charbóin.

- Tá Aláraim Aonocsaíd Charbóin go hiomlán oiriúnach le I.S. EN 50291-1;
- Tá táscaire deireadh saoil ar gach aláram CO.
- Rinne an déantúsóir aláram CO go deonach córas leantach deimhniúcháin a ionchorpú ina mbíonn tástáil shamplach Aláraim Aonocsaíd Charbóin ag teastáil.

Is é an rún atá ann ná go mbainfear úsáid as SWiFT 8:2011 mar shonraíocht ceannaigh ag iompórtálaithe Aláraim Aonocsaíd Charbóin go hÉirinn. Bhain Gréasáin Bord Gáis úsáid as SWiFT 8:2011 cheana féin. Soláthraítear aláraim cheannaithe do Shuiteálaithe Cláraithe Gáis (RGI) nuair a chuireann siad cúrsa oiliúna i gcrích ar fheasacht faoi Aonocsaíd Charbóin. Déantar na haláraim a shuiteáil ansin mar chuid de shuiteálacha gáis agus de sheirbhísiú fearais gháis.

Meastar go ndéanfar sna Rialacháin Foirgníochta, Cuid J, An Doiciméad um Threorú Teicniúil (TGD) riachtanais SWiFT 8:2011 a ionchorpú go díreach sa chéad athbhreithniú eile den TGD maidir le suiteáil aláraim CO i dtithe cónaithe.

Lean an NSAI den phobal a chur ar an eolas go maolaíonn cothabháil bhliantúil agus seirbhísiú bliantúil fearas ina ndóitear breosla iontaise, simléar agus múchán an riosca go mbeidh Aonocsaíd Charbóin sa bhaile. Moltar gur chóir Aláraim Aonocsaíd Charbóin a shuiteáil ach níor chóir go mbeadh sé ann in ionad fearais a sheirbhísiú agus a chothabháil mar is ceart.

2011 FAOI ATHBHREITHNIÚ

1. BONNEAGAR AN MHARGAIDH OSCAILTE

- Méadú de 52% ar rannpháirtíocht ghnó ag an leibhéal idirnáisiúnta caighdeánaithe
- 1,986 doiciméad caighdeánaithe foilsithe agus caighdeáin stoc na hÉireann anois ag breis agus 23,000
- Breis agus 12,000 caighdeán díolta
- Feidhmíodh breis agus 50 Coiste Comhairliúcháin um Chaighdeán agus breis agus 1,500 saineolaí páirteach iontu

2. FEIDHMÍOCHT GHNÓ FHEABHSAITHE

- 2 SWiFTanna foilsithe

3. AN NUÁLAÍOCHT AGUS AN GEILLEAGAR EOLASBHUNAITHE A CHOTHÚ

- Foilsíodh an tairseach Do Chaighdeán Do Thuairim inar éascaíodh do chuideachtaí na hÉireann tuairim a léiriú agus tionchar a imirt ar an treoir ina raibh caighdeáin ag dul
- DIT agus NUIG na chéad institiúidí tríú leibhéal in Éirinn chun glacadh leis an mBunachar Sonraí um Chaighdeáin Náisiúnta. Tuilleadh le bheith ann in 2012
- Aistriú Bhallraíocht CEN agus CENELEC ó ETCI go NSAI

4. AG TACÚ LE HINBHUANAITHEACHT

- I.S. EN ISO 50001 foilsithe in 2011, in ionad I.S. EN 16001. Eascraíonn an dá chaighdeán as an gCaighdeán Éireannach, I.S. 393
- I.S. 441 Foilsíodh Caighdeán Náisiúnta Múirín

DEIMHNIÚCHÁN

SOLÁTHRAÍTEAR DE RÉIR NA
FEIDHME **DEIMHNIÚCHÁIN** SEO
FÍORÚ NEAMHSPLEÁCH INIÚCHTA
LENA **ÁIRTHIÚ GO GCOMHLÍONANN**
EAGRAÍOCHT LEIS NA **CAIGHDEÁIN**
RIACHTANACHA AGUS NA RIACHTANAIS
DON MHARGADH.



Leagtar amach i scéimeanna deimhniúcháin an NSAI na riachtanais riachtanacha le haghaidh córas bainistíochta atá praiticiúil agus éifeachtach a íoslaghdaíonn riosca agus a uasmhéadaíonn deiseanna le haghaidh ghnó na hÉireann

Príomh-mheicníocht is ea na caighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta chun constaicí teicniúla chuig trádáil dhomhanda a sháru. Titeann cur i bhfeidhm na gcaighdeán seo isteach i dtrí phríomhchatagóir: deonach, caighdeáin atá mar bhonn agus taca ag rialachán (ach atá deonach go fóill) agus caighdeáin a ngairtear orthu sa rialachán ach atá riachtanach. Soláthraítear de réir na feidhme deimhniúcháin seo fíorú neamhspleách iniúchta lena áirithiú go gcomhlíonann eagraíocht leis na caighdeáin riachtanacha agus na riachtanais don mhargadh. Ní amháin go dtugann an ghníomhaíocht deimhniúcháin seo buntáiste iomaíoch don eagraíocht maidir le cinntí tairsceana agus soláthair, ach tugann sé muinín do sholáthróirí na heagraíochta agus d'úsáideoirí deiridh maidir le comhlíonadh le caighdeáin aitheanta (ó chórais bainistíochta gnó go faomhadh táirgí).

Léiríonn sé éagsúlacht na gcaighdeán foilsithe agus na riachtanais i dtionscadal na hÉireann, soláthraíonn an NSAI deimhniúcháin sna réimsí seo a leanas:

• Córais Bhainistíochta

Leagtar amach i scéimeanna deimhniúcháin an NSAI na riachtanais riachtanacha le haghaidh córas bainistíochta atá praiticiúil agus éifeachtach a íoslaghdaíonn riosca agus a uasmhéadaíonn deiseanna le haghaidh ghnó na hÉireann. Ar bhonn domhanda is iad na córais bhainistíochta is infheidhme ná na Córais Bainistíochta Cáilíochta ISO 9001, Córais Bainistíochta Comhshaoil 14001, Bainistíocht um Shábháilteacht agus Shláinte Cheirde OHSAS 18001, Córais Bainistíochta um Shábháilteacht Bia ISO 22000 agus I.S. EN 16001. EN ISO 50001 Córais Bainistíochta Fuinnimh. Trína nádúr féin tá na scéimeanna seo inrochtana agus oiriúnach d'earnáil ar bith gnó beag beann ar mhéid ná ar choimpléascacht.

Le linn 2011, mar fhoras creidiúnaithe deimhniúcháin, lean an NSAI de sheirbhísí deimhniúcháin a fhorbairt chun dul i ngleic le riachtanais ghnó ó Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide dúchasacha go corparáidí móra ilnáisiúnta.

• Deimhniúchán Táirgí agus Marcáil CE

Is éard atá i ndeimhniúchán CE agus marcáil CE an próiseas a bhaineann lena áirithiú gur éirigh le táirgeadh i dtástálacha feidhmíochta, sábháilteachta agus dearbhú cáilíochta agus go gcomhlíonann sé an critéar sainithe i rialúcháin nó i sonraíochtaí táirge.

Tugann marcáil CE rochtain láithreach do chuideachtaí dúchasacha na hÉireann agus ilnáisiúnta ar mhargaí Eorpacha agus an domhain a chruthaíonn deiseanna breise fostaíochta. Éilíonn An tAontas Eorpach ar Bhallstáit, Comhlachtaí a dtugtar fógra dóibh, a bheith ag obair le heagraíochtaí chun measúnacht a dhéanamh ar tháirge go gcomhlíonann sé na caighdeáin riachtanacha de réir na saintreorach. Is éard atá san NSAI ná an comhlacht a dtugtar fógra dó maidir le deich dTreoir de chuid an AE, ó thionscadail foirníochta go hionchlannáin mhíochaine ghníomhacha.

Chláraigh/dheimhnigh an NSAI breis agus 3,000 cuideacht ar fud an domhain (agus breis agus 10,000 teastat eisithe), thar réimse leathan earnálacha, lena n-áirítear réimsí atá lárnach don téarnamh náisiúnta, ar nós tionscadal na bhfeisteas míochaine.

DEIMHNIÚ – AN BHLIAIN FAOI ATHBHREITHNIÚ


Margadh Deimhnithe Cobhsaí

Beag beann ar an margadh míshochair atá ann, rud inar athdhaingnigh cuid mhór cuideachtaí dúchasacha, d'fhan Deimhniú NSAI cobhsaí, agus bhí níos mó ná 400 clárú nua i 2011. I measc na bpríomhchaighdeán córas bainistíochta, tháinig méadú ar dheimhniú ISO 14001 agus ISO 22000, agus d'fhan ISO 9001 seasta. D'eascair an méadú ar dheimhniú ISO 14001 ó na brúnna a bhí ag fás ar eagraíochtaí maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá acu ar an gcomhshaoil. In ainneoin an choir chun donais eacnamaíoch, tá tionscal bia na hÉireann ag fás, rud ónar eascair méadú ar líon na ndeimhnithe ar nós ISO 22000. In áiteanna eile, tháinig laghdú ar an líon atá deimhnithe de réir chaighdeán OHSAS 18001 le linn na bliana. Bhí sé seo mar thoradh go príomha ar an gcor chun donais san earnáil foirgníochta agus ar an ardlión deimhnithe atá ann cheana féin sa réimse seo.

DEIMHNIÚ (ar lean)

Léirítear i bhFíor 1 thíos an phróifíl deimhnithe le linn 2011. Tá teastais de réir níos mó ná caighdeán amháin ag roinnt eagraíochtaí. Tá ISO 9001 ar an gcóras bainistíochta is mó go fóill, agus bhí sciar 41% aige de na deimhnithe nua a eisíodh le linn 2011.


Fíor 1. 2011 Deimhniú Córas Bainistíochta Nua de réir Céatadáin



Tá patrún tar éis teacht chun cinn a léiríonn go bhféachann eagraíochtaí le ISO 9001 ar dtús sula lorgaíonn siad deimhniú de réir scéimeanna bainistíochta eile.

Léirítear i bhFíor 2 thíos an méadú a tháinig ar dheimhniú de réir ISO 9001 agus ISO 14001 in Éirinn idir 2004 agus 2010. Beag beann ar an bhfás soiléir i líon na ndeimhnithe, is féidir líon na gcuideachtaí a bhfuil deimhniú ISO 9001 acu a mhéadú go fóill, agus tá deiseanna suntasacha ag gnóthais na hÉireann leas a bhaint as ISO 14001

Fíor 2. Deimhnithe ISO 9001 agus ISO 14001 in Éirinn 2004-2010 de réir Shuirbhé Bliantúil ISO 2010



BONNEAGAR MARGAIDH OSCAILTE

Sábháilteacht Feithiclí dár mBóithre

Le linn 2011, lean NSAI de bheith ag obair leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre chun scéimeanna a chur chun feidhme a fheabhsaíonn na gnéithe sábháilteachta agus comhshaoil d'fheithiclí. Faoi Threoir 2007/46/CE ón AE, cineálcheadaítear feithiclí le haghaidh díola, cláraithe agus iontrála i seirbhís in Éirinn agus sna Ballstáit go léir. Leathnaíodh an próiseas ceadaithe le blianta beaga anuas chun raon níos leithne feithiclí a chlúdach, agus chuir NSAI ceanglais ábhartha na hÉireann i bhfeidhm chun a áirithiú go dtabharfar an Treoir isteach de réir a chéile thar roinnt blianta. Beidh tionchar dearfach aige seo ar úsáideoirí bóithre agus ar shábháilteacht ar bhóithre in Éirinn.

D'fhonn na ceanglais seo a shásamh, lean líon na nlonad Tástála Formheasta (ATCanna) de bheith ag méadú, ó 10 nlonad go 16 lonad. Tugann lonaid faoi thástáil le haghaidh ceaduithe feithiclí agus eisíonn siad tuarascálacha tástála, ach is é NSAI an t-aon údarás amháin go fóill ar féidir leis Ceaduithe Feithiclí Náisiúnta a dheonú in Éirinn.

I 2011, d'eisigh NSAI níos mó ná 2,000 ceadú mótarfheithiclí le haghaidh feithiclí agus le haghaidh a gcomhpháirteanna agus a gcóras, ag clúdach réimsí amháin astaíochtaí, cumhacht innill, boinn agus criosanna sábhála.

Deimhniú Nua Córas Sábháilteachta Bia (FSSC)

I 2011, thosaigh Deimhniú NSAI ag tairiscint Deimhniú Córas Sábháilteachta Bia, bunaithe ar na caighdeáin idirnáisiúnta seo a leanas: ISO 22000 Córais Bhainistíochta Bia, agus ISO TS 22002-1 Cláir Réamhriachtanais um Shábháilteacht Bhia. Agus Deimhniú FSSC acu, is féidir le monaróirí bia agus dí na hÉireann teacht ar mhargaí idirnáisiúnta mar go n-aithnítear an Deimhniú seo faoin Tionscnamh Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Bhia Dhomhanda (GFSI). Tá sé mar aidhm ag GFSI a áirithiú go bhfuil muintín as seachadadh bia shábháilte ar fud an domhain, agus dheonaigh NSAI deimhniú i Scéim FSSC do shé chuideachta.

FEIDHMÍOCHT GHNÓ FHEABHSAITHE

Dul Chun Cinn i Rialachas Corparáideach

Mar gheall ar an mbéim mhéadaithe atá á cur ar an gclár oibre rialachais chorparáidigh agus mar gheall ar an tiomantas méadaithe atá á thabhairt dó, i 2011, bhí Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) ar an gcéad eagraíocht in Éirinn a bhí deimhnithe de réir SWIFT 3000: Cód Cleachtais um Measúnú ar Rialachas Corparáideach in Éirinn. Tá an deimhniú seo ar an gcéad cheann dá leithéid san Eoraip, agus taispeánann sé go bhfuil Éire ullamh an clár oibre rialachais chorparáidigh a stiúradh. Feabhsaíodh stádas SWIFT arís eile de bharr thuairimí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina Thuarascáil Bhliantúil 2009 maidir le léiriú deachleachtais ag Comhlachtaí Stáit.

An Bealach a Réiteach do Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe

Cuireadh obair ullmhúcháin i gcrích le linn 2011 le haghaidh aistriú na Scéime Bainistíochta Acmhainní Daonna 'Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe (ETP)' ó FÁS chuig NSAI i 2012,

agus cuireadh grúpa saineolaithe Acmhainní Daonna i bhfeidhm chun an caighdeán atá ann cheana féin a athbhreithniú. Bhain níos mó ná 800 cuideachta leas as ETP ó 1996 ar aghaidh, agus is é an t-aon sonrú bainistíochta acmhainní daonna náisiúnta amháin in Éirinn a bhaineann leis an tionchar atá ag daoine ar ghnó. Athchóireofar an Scéim d'fhonn an próiseas iniúchta a chur ar chomhréim le córais bhainistíochta eile ar nós ISO 9001 agus d'fhonn bogadh chuig iniúchadh bliantúil mar chuid de thimthriall cláraithe trí bliana, rud a mheastar a bheith ar an gcleachtas is fearr. Cuirfidh aistriú ETP leis na scéimeanna córais bainistíochta atá á gcur ar fáil ag NSAI faoi láthair mar go n-aithníonn ETP an tábhacht a bhaineann leis an bhfoireann maidir le hiomaíochas chuideachtaí na hÉireann a fheabhsú.

An Chéad Deimhniú PS 9001 ar Domhan

I 2011, bhí Clondalkin Pharma and Healthcare, atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, ar an gcéad eagraíocht ar domhan a bhí deimhnithe de réir chaighdeán athbhreithnithe PS 9000:2011 Ábhair Phacáistithe Cógaisíochta. Is ionann é seo agus caighdeán córais bainistíochta cáilíochta (QMS) do sholáthraithe ábhar pacáistithe don tionscal cógaisíochta agus sonraíonn sé na Dea-Chleachtais Déantúsaíochta (GMP) a éilíonn an tionscal cógaisíochta ar sholáthraithe pacáistithe a chomhlíonadh. Bhí Clondalkin Pharma and Healthcare thar a bheith réamhghníomhach freisin maidir le forbairt an Chaighdeáin le linn na gcéimeanna dréachtaithe.

Cáilíocht don tSeirbhís Phoiblí

Déantar achoimre i dtuarascáil an OECD a foilsíodh i 2008, 'Public Management Review: Ireland – Towards an Integrated Public Service', ar iarrachtaí NSAI eagraíochtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach in Éirinn a spreagadh chun glacadh le ISO 9001.

Le linn 2011, bhí an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) ar an gcéad chomhlacht phoiblí a bhain gach ceann de na trí dheimhniú thraidisiúnta Córais Bhainistíochta amach, is iad sin: ISO 9001 Córais Bhainistíochta Cáilíochta, ISO 14001 Córais Bhainistíochta Comhshaoil, agus OHSAS 18001 Córais Bhainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta. Is dea-scéal don earnáil phoiblí gur ghlac RSA leis na caighdeáin idirnáisiúnta seo, agus aithníonn sé seo go bhfuil tionchar dearfach díreach ag caighdeáin ar fheidhmíocht ghnó eagraíochta, bíodh an eagraíocht san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobháideach. Táthar ag súil go bhféachfaidh eagraíochtaí eile leis an éacht seo a bhaint amach sa todhchaí de réir mar a dhíreoidh eagraíochtaí ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht sa timpeallacht eacnamaíoch reatha.

Éachtaí a Aithint trí Theastais a Bhronnadh

Bhain níos mó ná 400 cuideachta deimhniú amach le linn 2011. Ina measc siúd, bhí cuideachtaí a bhí á ndeimhniú den chéad uair agus cuideachtaí a bhí ag cur lena gcórais bhainistíochta reatha. Chun aitheantas a thabhairt do na héachtaí seo, d'eagraigh NSAI dhá bhronnadh teastas grúpa inar bhronn an tAire Stáit do Ghnóthaí Beaga, John Perry, T.D., na teastais. Bhain na teastais seo le caighdeáin ar nós ISO 9001, agus bronnadh an chuid is mó díobh ar Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide sna tionscail déantúsaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta, iompair agus foirgníochta. Léiríonn sé seo an bhéim leanúnach a chuireann Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide ar chaighdeáin, agus na hiarrachtaí a rinneamar an earnáil a spreagadh chun feabhas a chur ar a cuid córais bhainistíochta trí chaighdeáin bhainistíochta idirnáisiúnta, ar nós ISO 9001, a úsáid.



Is sa phictiúr leis an Aire Stáit do Ghnóthaí Beaga, John Perry T.D. atá níos mó ná 20 cuideachta a bhfuair a gcuid teastas ag ócáid Bhronnta Teastas Grúpa i mí na Bealtaine 2011.

Bhí Bewleys, arb é an chuideachta caife agus tae is mó in Éirinn, i measc na gcuideachtaí ar bronnadh deimhnithe orthu le linn 2011. Bhí sé ar an gcéad eagraíocht a fuair deimhniú ó NSAI mar gheall ar an gcainníochtú agus ar an tuairisciú a dhéanann sé ar a astaíochtaí gáis cheaptha teasa agus ar a bhaint gháis cheaptha teasa (ISO 14064-1:2006: Gáis Cheaptha Teasa). Chuir Bewleys mórthionscnaimh inbhuanaitheachta comhshaoil chun feidhme chun níos mó ná 3,500 tonna CO2 a bhaint ón atmaisféar gach bliain. Baineadh é seo amach trí laghdú carbóin, trí úsáid fuinnimh in-athnuaite agus trí fhrithchúiteamh carbóin deimhnithe. Tá an chuideachta deimhnithe de réir ISO 14001 Córais Bhainistíochta Comhshaoil freisin.



Is sa phictiúr atá Jim Corbett, Stiúrthóir Bainistíochta, Bewleys, John Perry T.D., An tAire Stáit do Ghnóthaí Beaga, agus Maurice Buckley ag na Bronntaí Teastas Grúpa. Fuair Bewleys an chéad teastas Gás Cheaptha Teasa arna eisiúint ag NSAI.

DEIMHNIÚ (ar lean)

AN GEILLEAGAR NUÁLAÍOCHTA AGUS EOLAIS A CHOTHÚ

Deimhniú den Scoth don Tionscal Feistí Leighis

Tá an earnáil feistí leighis ar cheann de na réimsí is mó fás i ngeilleagar na hÉireann. Mar Chomhlacht Fógartha maidir le Feistí Leighis in Éirinn, arna ainmniú ag Bord Leigheasra na hÉireann, imríonn NSAI ról tábhachtach maidir le héascú a dhéanamh ar fhás tionscail a thacaíonn le monaróirí ilnáisiúnta agus le cuideachtaí dúchasacha. Déantar ardrialáil ar an tionscal chun feidhmíocht shábháilte gach feiste a áirithiú agus bíonn Rialtóirí ag brath ar chaighdeán fhoilsithe idirnáisiúnta chun na sonraí a shainiú nach mór do tháirgí a chomhlíonadh d'fhonn a bprionsabail sábháilteachta riachtanacha a shásamh.

Tá seirbhís deimhnithe den scoth ag teastáil ó na monaróirí seo chun bheith iomaíoch ar fud an domhain. Trína bheith ag obair go dlúth leis na monaróirí, áirithíonn NSAI go gcomhlíonann a gcuid córais bhainistíochta cáilíochta agus a gcuid táirgí feistí leighis Treoracha Eorpacha maidir le Feistí Leighis agus rialacháin idirnáisiúnta eile. Cothaíonn NSAI an caidreamh seo a thuilleadh trí chruinnithe treorach rialála agus trí oiliúint treorach rialála a chur ar fáil, rudaí ina dtugtar cabhrú do mhonaróirí tuiscint a fháil ar na rialacháin ábhartha agus ar an dóigh ar féidir leo dul tríd an bpróiseas rialála le haghaidh cheadú Mharcáil CE a fháil dá gcuid feistí leighis. Cabhraíonn siad seo leis an am go dtí an margadh a bhrostú, rud atá riachtanach i gcás cuideachtaí feistí leighis dúchasacha agus cuideachtaí feistí leighis ilnáisiúnta araon in Éirinn.

Soláthraíodh oiliúint i Marcáil CE d'fheistí leighis i 2011 freisin do chuideachtaí nuathionscanta ardchumais in Éirinn agus do chuideachtaí ollscoile ar an gcampas. Chabhraigh sé seo le tacú le stádas na hÉireann mar ionad sármhaitheasa domhanda maidir le deimhniú feistí leighis.

Caighdeán a Ardú maidir le Rialacháin Feistí Leighis

Mar gheall ar theagmhas domhanda DePuy i 2010 a bhain le hionchlannáin mhiotail ar mhiotal, agus ar an teagmhas ionchlannán brollaigh a bhain le P.I.P (Poly Implant Prothèse) sa Fhrainc, leagadh béim ar an ngá atá le hathbhreithniú tréan ar na feistí leighis a chuirtear ar fáil i margadh na hEorpa. Mar Chomhlacht Fógartha maidir le Feistí Leighis in Éirinn, leanann NSAI ar aghaidh le feabhas a chur ar a chroí-inniúlachtaí chun a áirithiú go laghdaíonn NSAI an baol go dtarlóidh teagmhais den chineál céanna sa todhchaí.

I mí na Nollag 2011, tháinig saineolaithe NSAI agus gairmithe ón tionscal Feistí Leighis le chéile ag Seimineár Feistí Leighis: 'Navigating Today's Regulatory Challenges'. Dhírigh an seimineár ar roinnt réimsí tábhachtacha, lena n-áirítear:

- An idirthréimhse, a chríochnóidh ar an 1 Meitheamh 2012, chun Caighdeán I.S. EN 60601-1:2005 Trealamh Leighis Leictreach a chomhlíonadh.
- Athruithe ar na Caighdeáin Mheasúnaithe Chliniciúil agus an tábhacht a bhaineann le hionchur an tionscail Feistí Leighis i bhforbairt caighdeán.
- An dóigh is fearr chun sonraí cliniúla a ullmhú i dtuarascáil mheasúnachta cliniúla, mar gheall ar na hathruithe ar an Treoir maidir le Feistí Leighis le déanaí.

Bhí an seimineár faoi chathaoirleacht NSAI agus chuimsigh sé láithreoirachtaí ag saineolaithe ina gcuid réimsí féin. Thug an seimineár, ar fhreastail níos mó ná 50 cinnteoir feistí leighis ó mhórchuideachtaí na hÉireann agus ó mhórchuideachtaí ilnáisiúnta air, deis líonraithe do shaineolaithe tionscail.

'Bíonn Úinéireacht agat ar Mhargadh na hEorpa mar gheall ar Mharcáil CE'

I 2011, thionóil NSAI seimineár Mharcáil CE, a bhí urraithe ag Coimisiún an AE, mar chuid den fheachtas faisnéise 'Bíonn Úinéireacht agat ar Mhargadh na hEorpa mar gheall ar Mharcáil CE'. Áirithíonn Marcáil CE gur féidir le táirgí bogadh go saor laistigh de mhargadh na hEorpa agus tá sí mar phríomhtháscaire go gcomhlíonann táirge an reachtaíocht. Bhí sé mar aidhm leis an seimineár tuiscint níos fearr a chur chun cinn i measc thionscal na hÉireann ar an gciall atá taobh thiar de Mharcáil CE agus ar chuspóir a húsáide, mar aon le forbheathnú a thabhairt ar Threoracha Eorpacha ar leith agus ar an dóigh a dtéann na Treoracha seo i bhfeidhm ar ghnó. Ina theannta sin, rinneadh plé ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí chun eolas a thabhairt do níos mó ná 60 cinnteoir sa lucht féachana maidir lena gcuid oibleagáidí dlí nuair atá táirge á chur ar an margadh acu.

TACÚ LE HINBHUANAITHEACHT

Fuinneamh a Bhainistiú don 21ú hAois

De réir fhóram earnála CEN/CENELEC ar Bhainistíocht Fuinnimh, tá Éire ina príomhthír maidir le deimhnithe bainistíochta fuinnimh. I 2009, bhí cuideachtaí lonnaithe in Éirinn i measc na chéad chuideachtaí a chuir caighdeán nua I.S. EN 16001 chun feidhme san Eoraip. Le foilsiú I.S. EN ISO 50001 i mí Mheán Fómhair 2011, d'ullmhaigh Éire plean idirthréimhseach chun cur ar chumas na gcuideachtaí sin a bhfuil deimhniú I.S. EN 16001 acu cheana féin aistriú ón gcaighdeán Eorpach chuig an gcaighdeán idirnáisiúnta. Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh NSAI achoimre ar na hathruithe idir an dá chaighdeán agus cuirfidh sé úsáid an chaighdeáin chun cinn do chuideachtaí na hÉireann arís eile i 2012.

Tionscnaimh Inbhuanaitheachta

Leanadh ar aghaidh le tionscnaimh inbhuanaitheachta NSAI a fhorbairt i 2011, agus bhí sé seo go háirithe soiléir i gcás na hearnála foirgníochta. Imríonn NSAI ról tábhachtach maidir le réitigh nuálacha teicneolaíochta tógála glaise a thabhairt isteach sa mhargadh, agus tugann sé dearbhú 'oiriúnachta don fheidhm'. D'éirigh tionscnaimh inbhuanaitheachta NSAI níos tábhachtaí tar éis do SEAI 'Fuinneamh Níos Fearr: an Clár Uasghrádaithe Náisiúnta' a thabhairt isteach i mí na Bealtaine 2011.

Tá NSAI breá-ábaltá forbairtí den sórt sin a chur chun cinn, agus é ag cur ar chumas fhiontair na hÉireann scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna atá ann d'earraí comhshaoil, do sheirbhísí comhshaoil agus do bhainistíocht fuinnimh ar bhonn domhanda. I measc forbairtí den sórt sin:

- Thug NSAI scéimeanna isteach le haghaidh suiteálaithe inslithe cláraithe seachtacha, rud a mhéadaigh muinín tomhaltóirí as uasghráduithe laghdaithe carbóin. Bhí méid suntasach spéise iontu, agus bhí níos mó ná 200 feidhmiú inslithe balla sheachtraigh agus 60 feidhmiú inslithe cuasbhalla i 2011.

- Sheol NSAI scéim deimhnithe neamhspleách WEP (Feidhmíocht Fuinnimh Fuinneoige) i 2010. Tá thart ar 90 cineál fuinneoige atá clúdaithe ag an scéim anois agus tá méadú ag teacht ar líon na monaróirí fuinneoige atá páirteach. Le linn 2011, d'fhás an scéim arís eile, agus rinne níos mó ná 30 cuideachta iarratas chun dul isteach inti. Táthar ag súil go dtiocfaidh fás tapa uirthi sna blianta atá le teacht de bharr athruithe sna rialacháin tógála agus de bharr iomaíochta ó mhonaróirí eachtracha. Táthar ag súil go n-úsáidfear na rátálacha fuinnimh seo i scéim éigeantach rátáil BER do mhaoine.
- Chomh maith leis sin, lean NSAI ar aghaidh lena chuid oibre i réimse an deimhnithe grianphainéal, trína bheith ag obair le monaróirí gréine agus le gníomhairí gréine chun a gcuid táirgí a dheimhniú. Deimhníodh sé mhúnla grianphainéil go dtí seo.

PRÓIFÍL – FREAGRACHT CHORPARÁIDEACH AGUS SHÓISIALTA

Ghlac an bogadh i dtreo Freagracht Chorporáideach agus Shóisialta (CSR) a fhorbairt céim chun tosaigh i 2011 nuair a sheol Gnó sa Phobal Éireann (BITC) an comhartha Freagrachta Oibre Gnó. Toisc go bhfuil scrúdú níos mine á dhéanamh ag páirtithe leasmhara ar ghníomhaíochtaí eagraíochtaí, tá sé níos tábhachtaí anois ná mar a bhí riamh go gcomhtháthófar cleachtais Freagrachta Sóisialta (SR) isteach i gcleachtais agus i gcinntí laethúla na n-eagraíochtaí seo. Chun tacú leis an tionscnamh seo, b'ionann NSAI an comhpháirtí fíoraithe tríú páirtí don scéim. Aithníodh na buntáistí a bhaineann le Freagracht Shóisialta a chur chun feidhme mar seo a leanas:

- cáil fheabhsaithe
- cuirtear le hinbhuanaitheacht
- coigilteas costais
- buntáiste iomaíoch

Níl aon mhodh ceart amháin chun Freagracht Shóisialta a chur chun feidhme, ach tugadh caighdeán atá comhaontaithe go hidirnáisiúnta isteach nuair a foilsíodh ISO 26000 Treoir maidir le Freagracht Shóisialta i mí na Samhna 2010. Cabhróidh an fhorbairt shuntasach seo le heagraíochtaí chun glacadh le dea-chleachtais maidir le Freagracht Chorporáideach Shóisialta. Díreach mar a bhí Éire réamhghníomhach maidir le glacadh le ISO 9001 sna 1990í, d'fhéadfadh Freagracht Chorporáideach Shóisialta deis a chur ar fáil dúinn a bheith réamhghníomhach i réimse atá ag éirí níos tábhachtaí. Is féidir le Treoir maidir le Freagracht Shóisialta (ISO 26000) agus le Rialachas Corparáideach (SWIFT 3000) ról suntasach a imirt i gcáil chorporáideach na hÉireann a atógáil.

2011: AR SRACFHÉACHAINT

BONNEAGAR MARGAIDH OSCAILTE

- Fás i ndeimhniú ISO 14001 agus ISO 22000
- Méadú ar líon na nIonad Tástála Feithiclí Formheasta (ATCanna) go 16 Ionad
- Eisíodh níos mó ná 2000 ceadú mótarfeithiclí
- Tugadh Deimhniú Córas Sábháilteachta Bia isteach

FEIDHMÍOCHT GHNÓ FHEABHSAITHE

- Bhí SEAI ar an gcéad eagraíocht in Éirinn a bhí deimhnithe de réir SWIFT 3000: Cód Cleachtais um Measúnú ar Rialachas Corparáideach in Éirinn
- Cuireadh obair ullmhúcháin i gcrích le haghaidh aistriú na scéime 'Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe' chuig NSAI
- Bhí Clondalkin Pharma and Healthcare ar an gcéad eagraíocht ar domhan a bhí deimhnithe de réir chaighdeán PS 9000:2001 Ábhair Phacáistithe Cógaisíochta
- Bhí RSA ar an gcéad chomhlacht phoiblí a bhí deimhnithe de réir gach ceann de na trí chaighdeán thraidisiúnta córais bhainistíochta, is iad sin: ISO 9001, ISO 14001 agus OHSAS 18001
- Bhí 400 clárú nua i 2011
- Seoladh an comhartha Freagrachta Oibre Gnó de chuid BITC agus b'ionann NSAI an comhpháirtí fíoraithe tríú páirtí

AN GEILLEAGAR NUÁLÁÍOCHTA AGUS EOLAIS A CHOTHÚ

- D'fhreastail níos mó ná 100 toscaire ar sheimineáir Mharcáil CE agus Feistí Leighis

TACÚ LE HINBHUANAITHEACHT

- Próiseáladh 200 feidhmiú Inslithe Balla Sheachtraigh
- Próiseáladh 60 feidhmiú Inslithe Cuasbhalla
- Próiseáladh 30 iarratas ó chuideachtaí chun dul isteach sa Scéim Feidhmíochta Fuinnimh Fuinneoige



Ó chlé go deas: Brendan Halligan, Cathaoirleach, SEAI, Maurice Buckley, Príomhfheidhmeannach, NSAI, John Perry T.D., An tAire Stáit do Ghnóthaí Beaga, Ann Riordan, Cathaoirleach, NSAI, An tOllamh Owen Lewis, Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, SEAI ag an bhfógairt go mbeadh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) ar an gcéad eagraíocht in Éirinn a bheith deimhnithe de réir SWIFT 3000

MÉADREOLAÍOCHT

TÁ RÍTHÁBHACHT AG BAINTE LE
MUINÍN DON BHONNEAGAR TRÁDÁLA
EACNAMAÍOCH. CHUIGE SIN, TÁ RÓL
TÁBHACHTACH AG **MUINÍN** AS CÓRAS
TOMHAIS NA HÉIREANN AR BHONN
NÁISIÚNTA AGUS **IDIRNÁISIÚNTA** ARAON.



Trí bhunachar sonraí de thart ar 35,000 trádálaí agus gnó, atá freagrach as beagnach 65,000 uirlis tomhais, cuireann LMS a chuid gníomhaíochtaí i gcrích chun comhlíonadh a chaomhnú agus chun a muinín seo a athneartú.

Is í an tSeirbhís Mhéadreolaíochta Dlí (LMS) an oibríocht fhorfheidhmithe a rialaíonn tomhais in úsáid trádála. Sna hAchtanna Méadreolaíochta 1980-1998, atá mar bhonn ag obair LMS, tugtar cosaintí suntasacha do thomhaltóirí agus déantar foráil do choinníollacha trádála atá cóir agus cothrom do ghnóthais. Feidhmíonn LMS ról idirnáisiúnta freisin maidir le hionadaíocht a dhéanamh do ghnóthais agus do thomhaltóirí na hÉireann i gcúrsaí a bhaineann le méadreolaíocht dlí ag leibhéal náisiúnta, Eorpach agus idirnáisiúnta.

Tá rithábacht ag baint le muinín don bhonneagar trádála eacnamaíoch. Chuige sin, tá ról tábhachtach ag muinín as córas tomhais na hÉireann ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Trí bhunachar sonraí de thart ar 35,000 trádálaí agus gnó, atá freagrach as beagnach 65,000 uirlis tomhais (seachas miosúir dheochanna meisciúla), cuireann LMS a chuid gníomhaíochtaí i gcrích chun comhlíonadh a chaomhnú agus chun a muinín seo a athneartú.

Leathnaíonn an sainchúram reachtúil chuig rialuithe a leagan síos agus a chur chun feidhme le haghaidh uirlisí tomhais a úsáidtear chun nithe a cheannach agus nithe a dhíol go díreach leis an bpobal, nó chun táirgí réamhphacáiste a dhíoltar de réir cainníochta a dhéanamh suas. I measc samplaí d' uirlisí tomhais rialaithe, tá meá a úsáidtear i siopaí agus in ollmhargaí, uirlisí meáite móra tionsclaíocha amhail droichid mheáite feithiclí agus trealamh chun ainmhithe a mheá ag marglanna, dáileoirí peitрил agus díosail ag réamhchúirteanna, córais tancaer bóthair le haghaidh ola théimh bhaile, méadair bhainne a úsáideann comharchumainn talmhaíochta, tacsaimhéadair, agus miosúir chumais toillte a úsáidtear chun alcól a dháileadh agus a riar in áitribh cheadúnaithe. Tá úinéirí uirlisí den sórt sin freagrach as a áirithiú go bhfuil a gcuid uirlisí ag obair mar is ceart agus go bhfuil siad fíoraithe i gcónaí. Ní mór do tháirgeoirí réamhphacáistí córais phacáistithe, samplála agus taifeadta atá cuí a úsáid. Féadfar úinéir uirlise nó pacálaí a mhainneoidh nó a fhailleoidh reachtaíocht méadreolaíochta a chomhlíonadh a ionchúiseamh.

Cuirtear na rialuithe le haghaidh uirlisí a thomhas i gcrích thar thrí leibhéal: Measúnacht Chomhréireachta, Fíorú in Úsáid, agus Cigireacht.

- **Measúnacht Chomhréireachta:** Cuirtear í seo i gcrích in dhá chéim; cineálcheadú, arb é an próiseas a dtugtar faoi chun a dheimhniú go gcomhlíonann dearadh uirlise tomhais ceanglais dlí; agus fíorú na huirlise ar leith. Is féidir le táirgí atá clúdaithe ag Treoracha Eorpach maidir le Marcáil CE, is iad sin, Treoir 2009/23/CE maidir le huirlisí meáite neamh-uathoibríocha agus Treoir 2004/22/CE maidir le huirlisí tomhais, leas a bhaint as cineálcheadú Eorpach agus féadfaidh monaróirí fíorú a dhéanamh trína gcuid córas bainistíochta cáilíochta formheasta féin a úsáid freisin. Sa chás nach bhfuil córas bainistíochta cáilíochta formheasta á oibriú ag monaróir, tá LMS fós ina comhlacht fógartha maidir le fíorú CE agus is féidir léi an obair seo a chur i gcrích ar iarratas ón monaróir. Ní mór táirgí nach bhfuil clúdaithe ag Treoracha Eorpacha a chur faoi bhráid LMS le haghaidh cineálcheadú agus fíorú náisiúnta.
- **Fíorú in úsáid:** Nuair a dhéantar uirlis atá in úsáid cheana féin a dheisiú nó a choigeartú, ní mór í a athfhíorú sular féidir í a úsáid arís chun críocha trádála. Is féidir le cigire méadreolaíochta nó le duine a oibríonn faoi scéim NSAI um fhíoraitheoirí údaraithe an fíorú seo a dhéanamh.
- **Cigireacht:** Is féidir le cigire méadreolaíochta seiceáil a dhéanamh ar uirlis tomhais trádála thar a saolré chun a dheimhniú go gcomhlíonann sí ceanglais dlí go fóill. Trína cigireacht atá lonnaithe allamuigh, déanann LMS cigireacht in-situ ar ionstraimí a úsáidtear le haghaidh nithe a cheannach agus a dhíol de réir miosúir ar fud an gheilleagair agus ar thaifid agus ar nósanna imeachta pacálaithe a dhéanann táirgí suas i bpacáistí dúnta de réir meáchain nó miosúir atá le cur ar sheilfeanna siopaí lena ndíol go díreach leis an tomhaltóir.

Chomh maith leis sin, calabraíonn LMS miosúir thrádála a bhfuil acmhainn de suas go dtí 1000 lítear acu a úsáideann cuideachtaí atá i mbun tástáil agus calabráil a dhéanamh ar dháileoirí breosla agus ar shreabhmhéadair in úsáid trádála.

MÉADREOLAÍOCHT (ar lean)

Fig.1 - Leathnú ar Líonra Deimhnitheoirí Údaraithe de réir Catagóir Uirlise agus líon na gcuideachtaí

Bliain	Príomhchatagóir uirlise	Líon na gcuideachtaí	Líon na n-údaruithe
2008	Córais tacsaiméadair	1	1
	Uirlisí meáite		2 2
2009	Uirlisí meáite		6 19
2010	Uirlisí meáite		3 6
	Miosúir deochanna meisciúla	1	1
2011	Tancaeir bhóthair breosla leachtaigh	2	2
	Méadair bhainne	1	1
Iomlán		16	32

NSAI LMS- SÚIL SIAR AR AN MBLIAIN

BONNEAGAR MARGAIDH OSCAILTE

Le linn 2011, thug cigirí méadreolaíochta cuairt ar bhreis agus 5,000 áitreabh trádála mar ar scrúdaigh siad breis agus 11,000 uirlis agus ar dheimhnigh siad beagnach 4,000 uirlis. San áireamh anseo, bhí clár deimhnithe CE, ar bhonn náisiúnta, de 328 scála díolphointe in 82 siopa d'aon mhórsraith ollmhargaí amháin. Faoi scéim deimhnitheoirí údaraithe NSAI, rinne oibrithe tríú páirtí tuairim is 24,000 deimhniú ar chórais tacsaiméadair, ar uirlisí meáite, ar thancaeir bhóthair breosla leachtaigh agus ar mhiosúir deochanna meisciúla.

In éagmais soláthraí náisiúnta calabrúcháin agus mar thacaíocht do mhiongnólachtaí, chalabraigh LMS lár Bhaile Átha Cliath 20 miosúr de thoirt thionsclaíoch, lena n-áirítear ocht soitheach de thoilleadh 500 lítear a úsáideann suiteálaithe agus cuideachtaí cothabhála chun calabrú a dhéanamh ar chórais sreabhmhéadair ar thancaeir bhóthair le haghaidh tomhas bainne agus breosla leachtach. Táirgeann an líonra deimhnitheoirí údaraithe, faoi mhaoirseacht LMS, seirbhís éifeachtúil deimhnithe do thrádálaithe chun a chinntiú go bhfuil a bhfearas meáite ag comhlíonadh riachtanais rialála. Ag deireadh 2011, bhí sé oibrí dhéag thríú páirtí deimhnithe (Fig.1) agus líon oibrithe san earnáil mheáite údaraithe le haghaidh níos mó ná aon fhóchatagóir uirlise amháin. Cé gur clúdaíodh 80% de chatagóirí uirlise go luath in 2011, lainseáladh clár breise tairiscintí le haghaidh na scéime sa ráithe dheireanach den bhliain; ar chríochnú na scéime in 2012, ba cheart go mbeadh fáil náisiúnta ag gach duine ar dheimhnitheoir údaraithe diomaite de roinnt catagóirí nideoige.



Déanann Derken Clarke, cigire seibhisí méadreolaíochta dlí, seiceáil ar chaidéil pheitrit ag stáisiún garáiste

Le linn 2011, thug cigirí méadreolaíochta cuairt ar bhreis agus 5,000 áitreabh trádála mar ar scrúdaigh siad breis agus 11,000 uirlis agus ar dheimhnigh siad beagnach 4,000 uirlis.

PRÓIFÍL - CUR CHUIGE FORFHEIDHMNITHE BUNAITHE AR RIOSCA

Cinntíonn an cur chuige bunaithe ar riosca a ghlac LMS mar chúram air féin go bhféadann cigirí líne tosaigh díriú isteach ar earnálacha trádála údaraithe faoi leith. Díríonn an cur chuige seo ar:

- fheasacht ar chomhlíonadh i measc trádálaithe a ardú;
- chultúr an chomhlíonta a spreagadh;
- sháruithe reachtaíochta a aithint ar bhonn dírithe.

Is é an sprioc a bhí ag LMG tosú ar na buntáistí a bhaineann le straitéis bunaithe ar riosca a thabhairt faoi 2011, tríd na struchtúir chuí tacaíochta a thabhairt chun críche agus trí ghníomhartha líne tosaigh a chur i bhfeidhm. Baineadh seo amach tríd na hearnálacha a bhí le scrúdú a chur in ord tosaíochta, trí chur le líon na n-oibrithe príobháideacha a bhí sínithe le scéim na ndeimhnnitheoirí údaraithe agus trí thaifeadtaí sonraí ón lucht cigireachta a chomhtháthú leis na deimhnnitheoirí údaraithe chun liosta cuimsitheach de thrádálaithe agus dá n-uirlisí meáite a chur le chéile.

In 2011, mar bharr ar ghnáthchigireachtaí, rinneadh trí fheachtas cigireachta a bhí dírithe ar áitribh cheadúnaithe, ar mharglanna beostoic agus ar sholáthraithe breosla leachtaigh:

- Dhírigh an gníomh maidir le háitribh cheadúnaithe ar chomhairle a chur ar bhainisteoirí agus ar úinéirí i mbeagnach 200 tábhairne agus óstlann i dtaca le gloiní (stampáilte), miosúir optacha agus miosúir mhéaracáin dheimhnnithe a úsáid.
- Ba é a bhí i gceist leis an bhfeachtas maidir le marglanna beostoic go ndéanfaí scrúdú agus deimhniú ar 98 droichead meáite in 45 marglann san Oirthuaisceart, san Iarthar agus san Iarthuaisceart.
- Mar gheall ar an bhfeachtas maidir le soláthraithe náisiúnta breosla leachtaigh, rinneadh scrúdú ar 443 córas sreabhmhéadair agus díríodh isteach ar dheimhniú moltaí comhlíonta agus tháinig méadú faoi thrí ar éileamh ar dheimhniú dá bharr sa ráithe dheireanach de 2011.

I mí na Samhna 2011, thug LMS a chéad ionchúiseamh i gcoinne garáiste miondíola as cead a thabhairt úsáid a bhaint as rannóir neamhdheimhnnithe breosla le haghaidh trádála agus as miosúr gann a dhíol rud atá in aghaidh an Achta Méadreolaíochta, 1996, agus na rialachán Méadreolaíochta (ginearálta) Dlí 2008. Is léiriú an t-ionchúiseamh seo ar an obair thábhachtach a dhéanann LMS chun tomhaltóirí a chosaint agus chun tacú le trádálaithe comhlíontacha. Gearradh féineáil €14,000 ar úinéirí an gharáiste agus deonaíodh €5,000 de chostais bhreise ar LMS.

Go náisiúnta, chuir cigireachtaí i rith na bliana in iúl go bhfuil leibhéal ard comhlíonta ann ach go bhféadfaí feabhas a dhéanamh go ginearálta, agus is beag buaireamh a léiríodh maidir le neamhchomhlíonadh mionchúiseach. Léiríonn an tionchar dearfach a bhí ag na gníomhartha dírithe in 2011 an tairbhe shoiléir atá le cur chuige i leith forfheidhmniú atá bunaithe ar riosca. Beidh sé seo lárnach i soláthar seirbhíse LMS feasta agus déanfar níos mó earnálacha a shainaithint le haghaidh feachtais dhírithe cosúil leis seo in 2012.

2011 AR AON AMHARC

BONNEAGAR MARGAIDH OSCAILTE

- Thug cigirí méadreolaíochta cuairt ar bhreis agus 5,000 áitreabh trádála mar ar scrúdaigh siad breis agus 11,000 uirlis agus ar dheimhnhigh siad beagnach 4,000 uirlis
- Faoi scéim deimhnnitheoirí NSAI, rinne oibrithe tríú páirtí 24,000 deimhniú
- Rinneadh 20 mórmhiosúr de thoirt thionsclaíoch a chalabrú
- Cuireadh comhairle ar bhainisteoirí agus ar úinéirí i mbeagnach 2000 tábhairne agus óstlann maidir le húsáid miosúr
- Rinneadh scrúdú agus deimhniú ar bheagnach 100 droichead meáite ainmhithe in 45 marglann
- Tugadh an chéad ionchúiseamh i gcoinne garáiste miondíola as sárú an Achta Méadreolaíochta 1996 agus na rialachán Méadreolaíochta (Ginearálta) Dlí 2008.

MÉADREOLAÍOCHT (ar lean)

Is bun le gach sochaí nua-aimseartha an Mhéadreolaíocht, ealaíon an tomhais, ar an ábhar go bhfuil gá le torthaí beachta, iontaofa agus comhsheasmhacha tomhais sa tráchtáil, san ealaíon, sa rialtas, san oideachas agus sa dlí.

Is í an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta (NML) Institiúid náisiúnta mhéadreolaíochta na hÉireann. Comhlíonann sí an riachtanas dlíthiúil a chuirtear ar NSAI faoi alt 21 den Acht Méadreolaíochta 1996, chun caighdeáin náisiúnta mheáite na hÉireann um chainníochtaí fisiciúla a bhunú, a chothabháil agus a fhorbairt. Comhdhéanann na caighdeáin seo an chuid is fearr de mhacasamhlú logánta d'aonaid an chórais idirnáisiúnta aonad - an córas SI - agus cuireann sé de chumas ar thionscail na hÉireann, dá bharr sin, rochtain a dhéanamh ar an gcóras idirnáisiúnta meáite seo.

Is bun le gach sochaí nua-aimseartha an Mhéadreolaíocht, ealaíon an tomhais, ar an ábhar go bhfuil gá le torthaí beachta, iontaofa, comhsheasmhacha tomhais sa tráchtáil, san ealaíon, sa rialtas, san oideachas agus sa dlí.

Coimeádann NML caighdeáin tomhais i ngort na hacústaice, an leictreachais, na minicíochta, an fhaid, na maise, an bhrú, an fhórsa, an teocht, na bogthaise agus na casmhóiminte. Tacaíonn na caighdeáin seo le heagraíochtaí ó gnóthais bheaga agus mheánmhéide (SMEs) go cuideachtaí ilnáisiúnta, agus iad ag tabhairt rochtana dóibh ar áiseanna úrscothacha tomhais, ar sheirbhís éifeachtach shofhreagrach chalabrúcháin agus ar chomhairle agus fheasacht i dtaca le cúrsaí tomhais.

Aithnítear go forleathan gur cuid éigeantach de bhonneagar teicniúil geilleagair fhorbartha í institiúid náisiúnta mhéadreolaíochta. Is éigeantach don déantúsaíocht agus do thionscail seirbhíse, go háirithe iad siúd sna hearnálacha teicneolaíochta, rochtain a bheith ann ar a leithéid d'ionad náisiúnta barr feabhais, rud atá acu leis an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta. Beidh an bonneagar inniúil méadreolaíochta seo atá aitheanta go hidirnáisiúnta tábhachtach feasta i dtaca le hoiriúnacht na hÉireann a léiriú mar shuíomh le haghaidh Infheistiú Eachtrach Díreach san ardteicneolaíocht. I rith an ama, bíonn iontaofacht na seirbhísí a sholáthraíonn córas saotharlann tráchtála agus calabrúcháin na hÉireann ag brath ar rochtain ar chaighdeáin náisiúnta tomhais den chéad scoth. Mar gheall air seo, soláthraíonn an teacht éasca atá ar shaineolas logánta tomhais, agus ar sheirbhísí a bhaineann leis, soláthraíonn siad buntáiste iomaíoch thar a bheith tábhachtach in Éirinn.

NSAI NML - SÚIL SIAR AR AN MBLIAIN

Feidhmíocht Fheabhsaithe Ghnó

Agus an t-éileamh ar bheachtas agus ar chruinneas tomhais ag dul i méad i gcónaí, is tábhachtach go mbainfear úsáid chomh héifeachtach agus is féidir as an saineolas teicniúil atá ag NML i dtionscail na hÉireann. Tugann iniúchtaí tomhais dearbhú neamhspleách ar acmhainní tomhais eagraíochta agus is meicníocht idéalach iad trínar féidir eolas a aistriú idir NML agus an eagraíocht atá a iniúchadh.

Le linn 2011, Rinne scéim comhairleoireachta agus Iniúcháireachta NML 14 iniúchadh tomhais ar 10 n-eagraíocht, ó iad siúd atá bainteach le dearbhú a dhéanamh ar sheomraí comhaeráide le haghaidh stóráil táirgí fola go hiad siúd a thugann seirbhísí calabrúcháin do thionscal na heitlíochta. Tá roinnt de na cuideachtaí seo creidiúnaithe go hI.S EN ISO/IEC 17025 "Riachtanais Ghinearálta um Inniúlacht Saotharlann Tástála agus Calabrúcháin" cheana féin, sin nó ar a mbealach chun an creidiúnú seo a lorg. Chabhraigh na tuarascálacha iniúcháireachta tomhais a rinne NML, agus na seisiúin chomhairle ina ndiaidh, chabhraigh siad le hocht gcuideacht creidiúnú a bhaint amach nó scóip a gcreidiúnaithe a leathnú.

Ba é an sprioc straitéiseach a bhí ag NSAI 20 iniúchadh dá sórt a dhéanamh faoi 2012. Go nuige seo, tá 30 iniúchadh méadreolaíochta déanta, agus 14 acu sin déanta in 2011 amháin.

Le go bhféadann siad fianaise a thabhairt ar a n-inniúlacht theicniúil, bíonn NSAI páirteach in idirchomparáidí idirnáisiúnta tomhais, ina ndéantar torthaí tomhais NML a chur i gcomparáid le torthaí ó institiúidí náisiúnta méadreolaíochta eile. Le linn 2011, bhí NML páirteach in ocht gcomparáid den sórt seo. Cinntíonn na torthaí sásúla a baineadh amach go bhfuil teastais chalabrúcháin NML agus na teastais chalabrúcháin agus na turascálacha scrúdaithe a dhéanann iad siúd a úsáideann seirbhísí calabrúcháin NML, cinntíonn siad bhfuil inghlactha ar fad.



'an Tomhas Náisiúnta Méadair á Iniúchadh' - Sa ghrianghraf ón gcúairt ar NML i rith Sheachtain na Matamataice 2011, tá Tiarnán McCabe, dalta 5ú rang ó Scoil Moibhí, Glas Naíon, Baile Átha Cliath i gcuideachta Pat Hetherington ó NML.

GEILLEAGAR NA NUÁLA AGUS AN EOLAIS A CHOTHÚ Imeachtaí Taighde

Ní hé amháin go caithfear na caighdeáin náisiúnta tomhais a chothabháil ar dhóigh chumasach ach ní mór iad a fheabhsú agus a fhorbairt le cos a choimeád le forbairtí teicniúla, le rialacháin agus le héileamh tionsclaíoch. Chun na críche seo, Tugann NML faoi thionscadail taighde agus forbartha (ar minic a ndéantar iad i gcomhphairt le hInstitiúidí tríú leibhéal) agus é mar sprioc acu mianach agus réimse a gcaighdeán agus a seirbhísí tomhais a fheabhsú. Tá sé de bhua breise ag na tionscadail seo go gcuireann siad taighdeoirí óga ar an eolas faoi eolaíocht an tomhais agus go gcuireann siad úsáid dea-chleachtas tomhais in institiúidí taighde chun cinn. Ba bhliain láidir eile í 2011 agus sé thionscadal taighde ar bun. Cuireadh leis an ghníomhaíocht taighde seo tríd an comhoibriú idir NSAI, DIT Sráid Chaoimhín agus DCU.

I measc na dtionscadal sonraíoch taighde ar tugadh fúthu in 2011 bhí:

- Cuirfear bunú saoráide calabrúcháin teochtaí criógineacha i gcrích in 2012. Bunaíodh seirbhís nua sa réimse teochta -196°C mar gheall ar an tionscadal rathúil seo.
- Rinneadh imscrúdú cuimsitheach ar theicnící tomhais, ar fhachtóirí tionchair, agus ar an éiginnteacht atá ann maidir le tomhas a dhéanamh ar mhapáil teochtaí i seomraí comhaeráide. Bhí NML i dtús cadhnaíochta i measc institiúidí náisiúnta méadreolaíochta san iarracht taighde seo agus ba é an príomhúdar é ar threordhoiciméad idirnáisiúnta ar an ábhar.

Bhí an t-éileamh ar na seirbhísí traidisiúnta calabrúcháin a tháirgeann NML ar aon dul le leibhéal 2010 agus breis agus 4,000 teastas calabrúcháin eisithe.

- Rinneadh uathobriú ar chalabrúcháin mhaise ardbheachtas agus rinneadh uasghrádú ar acmhainn tomhais NML le riar ar chalabrú meáchan caighdeánach go dtí an leibhéal beachtais is airde. Cuireadh córas úrscothach róbataice amach le linn 2011, agus tá tástáil iomlán déanta air agus é le coimisiúnú go luath in 2012.
- Is tionscadal taighde comhpháirte le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus le DCU í forbairt córas nanascála le haghaidh calabrú screimhe aoil. Ba é cuspóir an tionscadail riar ar an éileamh síormhéadaíoch ar thomhais bheachta thoiseacha ó thionscal na cógaisíochta agus ó thionscal na bhfearas míocháine. Tá an t-éileamh seo aitheanta ag NML mar príomhcheist i dtionscail na hÉireann agus tá sé tiomanta chun córas nua a fhorbairt a mbeidh an beachtas tomhais riachtanach aige.

I measc na dtionscadal eile taighde atá bun, tá forbairt uathchóras calabrúcháin a bhfuiltear ag súil leis go ndéanfaidh sé calabrú ar líon mór de mheáchain chaighdeánacha d'iarann teilgthe agus tógáil córais calabrúcháin le haghaidh fad trasnamhéadrach i gcomhair bloicthomhsairí ardbheachtas.

Seirbhísí Calabrúcháin Fadréimseacha

Bhí an t-éileamh ar na seirbhísí tráisiúnta calabrúcháin a tháirgeann NML ar aon dul le leibhéal 2010 agus breis agus 4,000 teastas calabrúcháin eisithe. Cuireadh roinnt seirbhísí nua calabrúcháin i bhfeidhm agus rinneadh fairsingiú ar roinnt seirbhísí atá ann cheana féin.

Is tábhachtach tomhais ar leibhéal fuaime maidir le himscrúdú a dhéanamh ar thorann san áit oibre, maidir le suirbhéanna ar thorann timpeallachta, maidir leis na tomhais ar núis torainn agus maidir leis an iliomad feidhmeanna eile. Ní mór bheith ábalta an calabrú ar fhearas tomhais a bheith inrianaithe chun go mbeidh na torthaí dlisteanach. In 2011, faomhadh acmhainn calabrúcháin agus tomhais NML le haghaidh tomhais fuaime faoin scéim a raibh an Coiste Idirnáisiúnta um Mheáchain agus Thomhais ina bun. Ba thoradh seo ar chlár trí bliana chun saoráid chaighdeán fuaime agus chalabrúcháin a fhorbairt in Éirinn.

MÉADREOLAÍOCHT (ar lean)

Tá méadú leanúnach ag teacht ar an éileamh ar chalabrúcháin ar fhearas tomhais fuaime agus bronnadh an conradh ar NML chun an fearas in ionaid NCT a chalabrú le tomhas a dhéanamh ar thorann sceithphíopaí i mótarfheithiclí.

Mar gheall ar an déantúsaíocht agus ar thaighde i ngort na biteicneolaíochta agus i ngort na míochaine, tá éileamh anois ar thomhas inrianaithe ar theochtaí criógineacha, go háirithe ag an teocht criógineach is mó úsáid, is í sin, -196oC. Tá aghaidh tugtha ag NML ar an éileamh seo trí chumas calabrúcháin a fhorbairt ag an teocht seo. Tá an cumas nua seo leithleach in Éirinn agus riarfaidh sé ar na riachtanais tomhais san earnáil fhóiréilítheach seo sa todchaí.

Tá ról ríthábhachtach ag tomhas faid thoisigh ag úsáid biorthomhsairí i rith dhéanamh agus imscrúdú roinnt mhaith fearas míochaine. Is ríthábhachtach bheith ábalta biorthomhsairí ardbheachtais (Aicme X, XX & XXX) a chalabrú go cruinn i dtionscal na bhfearas míochaine in Éirinn. Léiríonn na biorthomhsairí ardbheachtais seo na caighdeáin chriticiúla a úsáidtear chun dearbhú a dhéanamh ar thrastomhas inmheánach réimse feidhmeanna fearas míochaine, mar shampla steintíní. Mar ar éilimh ón thionscail, chuir NML clár taighde i gcrích chun feabhas a dhéanamh ar a shaoráid calabrúcháin bhiorthomhsaire agus chun cur síos a dhéanamh ar a tréithe. Tugadh tacaíocht do thoradh rathúil an chlár trí rannpháirtíocht NML i dtionscadal idirnáisiúnta comparáide um chalabrú biorthomhsairí ardbheachtais in éineacht le roinnt institiúidí Eorpacha Méadreolaíochta, lena n-áirítear National Physical Laboratory (NPL) sa RA, agus METAS, san Eilvéis.

Chinntigh torthaí na comparáide idirnáisiúnta seo go bhfuil achmhainní calabrúcháin NML inghlactha sa réimse seo agus thug sí muinín fosta do thionscail na bhfearas míochaine a bhaineann úsáid as NML chun calabrú a dhéanamh ar a gcaighdeáin thomhais.

Chinntigh torthaí na comparáide idirnáisiúnta seo go bhfuil acmhainní calabrúcháin NML inghlactha sa réimse seo agus thug sí muinín fosta do thionscail na bhfearas míochaine a bhaineann úsáid as NML chun calabrú a dhéanamh ar a gcaighdeáin thomhais.

Lean NML lena chuid oibre taighde agus forbartha chun a theicnící calabrúcháin le haghaidh calabrú seomraí comhaeráide a bharrfheabhsú agus a chaighdeánú. Dhírigh an taighde isteach ar imscrúdú a dhéanamh ar na fachtóirí tomhais a théann i bhfeidhm ar chalabrú na seomraí seo agus a chuireann le héiginnteacht an chlabrúcháin. Rinneadh luacháil sa staidéar ar fhachtóirí mar atá, iarmhairtí lodála, freagairt tóraíochta, iarmhairtí histéiríse agus radaíochta. Is é cuspóir na hoibre treoidhoicimeád soiléir a chur le chéile ar chalabrú na seomraí agus ar na paraiméadair ba chóir cur san áireamh agus buiséadú á dhéanamh. Is ríthábhachtach go bhfuil calabrú na seomraí comhaeráide cruinn agus inrianaithe in dtaca le feidhmíocht na n-aonad sa taighde míochaine agus i ngoirt na tástála cliniciúla. Chuir obair NML le forbairt treoidhoiciméid Eorpaigh sa réimse seo.

PRÓIFÍL - CALABRÚ MAISE DEN SCOTH CÓRAS AR AN MBEALACH

Seachadadh córas róbataice calabrcháin mhaise úr ar NML in 2011, agus rinneadh a suiteáil i Saotharlann Maise E2. Chomhoibrigh NML i ndlúthpháirt leis an déantóir chun an córas a thástáil agus a dhearbhu agus chun a chinntiú go bhfuil sé ábalta sonraíochtaí éiliteacha teicniúla NML a bhaint amach chomh maith le hagaí tionscanta calabrcháin a laghdú.

Is córas leithleach é seo mar go soláthraíonn sé calabrá ar chaighdeán bheachtais mhaise aicmí E1 agus E2, thar an réimse 1mg to 1 kg agus gan a bheith in úsáid ach aon chóras meáite amháin. Tiocfaidh an córas nua calabrcháin lán-uathoibrithe seo in áit an chur chuige láimhe thraidisiúnta chun calabrá meáchan E2 a dhéanamh, rud a thabharfaidh méadú 150% ar a acmhainn agus laghdú ar aga tionscanta an chalabraithe (ó 21 lá go níos lú ná 10 lá). Is mar gheall ar rialú róbataice ar an ngnás calabrcháin atá an acmhainn mhéadaithe seo agus an éifeachtúlacht fheabhsaithe seo ann. Mar gheall air seo, tiocfaidh coigiltí ar chostais bhliantúla calabrcháin do tionscail, agus chomh maith leis sin, is é is sásta a bheidh an custaiméir le seirbhís chalabrcháin mhaise NML.

Coimisiúnófar an córas go luath in 2012, agus feabhsóidh sé go mór caighdeán, beachtas agus aga freagartha an chalabrcháin mhaise in Éirinn. Mar bharr air seo, leathnóidh sé ar acmhainn calabrcháin E2 le haghaidh thionscail na hÉireann, eagraíochtaí domhanda ilnáisiúnta agus ranna rialtais. Tabharfaidh an córas nua seo an deis do NML a acmhainn calabrcháin a leathnú amach go calabrá aicme E1, rud a osclóidh margaí úra do NML in Éirinn, i dTuaisceart na hÉireann agus thar lear.

2011: AR SRACFHÉACHAINT

FEIDHMÍOCHT GHNÓ FHEABHSAITHE

- Seachadadh 14 iniúchadh tomhais do 10 n-eagraíocht
- Glacadh páirt in 8 n-idirchomparáid tomhais idirnáisiúnta
- Suiteáladh córas calabraithe maise róbatach nua, rud ar a dtugtar 'Sartorius' agus a mhéadóidh cumas faoi 150% agus a laghdóidh costais chalabraithe don tionscal

AN GEILLEAGAR NUÁLÁÍOCHTA AGUS EOLAIS A CHOTHÚ

- Bhí 6 thionscadal taighde i bhfeidhm agus chuir siad leis an gcomhoibriú idir NSAI agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath ar Shráid Chaoimhín agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
- Eisíodh níos mó ná 4,000 deimhniú calabraithe traidisiúnta
- Bronnadh conradh chun calabrá a dhéanamh ar an trealamh a úsáidtear in ionaid náisiúnta tástála gluaisteán ar mhaithe le torann sceite i mótarfheithiclí a thomhas
- D'fhorbair an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta cumas calabraithe is féidir a oibriú ag an teocht criógineach de -196 °C
- Chuir Taighde & Forbairt i gcalabrá seomra aeráide le forbairt Treoidhoiciméid Eorpaigh

RIALACHAS CORPARÁIDEACH



Chomh maith leis an reachtaíocht rialaithe, ceanglaítear ar NSAI raon ceanglais reachtúla (Náisiúnta agus AE) agus riaracháin a chomhlíonadh.

Chomh maith leis an reachtaíocht rialaithe, ceanglaítear ar NSAI freisin raon ceanglais reachtúla (Náisiúnta agus AE) agus riaracháin a chomhlíonadh. Go háirithe, chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfaí na ceanglais shonracha seo a leanas:

An Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tá forálacha an Chóid á gcur chun feidhme.

Eitic in Oifigí Poiblí

Cuireadh forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 chun feidhme. Cuireann comhaltaí boird agus baill foirne a bhfuil poist ainmnithe acu ráitis leasa faoi bhráid an Rúnaí.

Saoráil Faisnéise

Is comhlacht forordaithe é NSAI faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003. Ina theannta sin, tá feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 maidir le NSAI freisin.

Comhionannas

Tá NSAI tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus glacann sé le cur chuige dearfach i leith comhionannais san eagraíocht. Tá beartas maidir le Dínit san Ionad Oibre i bhfeidhm agus cuireadh é in iúl don fhoireann ar fad.

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas san Ionad Oibre

Tá forálacha na reachtaíochta um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas san Ionad Oibre á gcur chun feidhme ag NSAI, lena n-áirítear ullmhú Ráitis ar Shábháilteacht Oibríochtaí a chuimsíonn na hábhair uile a théann i bhfeidhm ar shábháilteacht, shláinte agus leas ball foirne agus cuairteoirí ar áitribh NSAI.

Éifeachtúlacht agus Caomhnú Fuinnimh

Tá NSAI tiomanta dá dhícheall a dhéanamh a bheith tíosach ar fhuinneamh agus bearta caomhnaithe agus athchúrsála a oibriú. Baineann an chuid is mó dár dtomhaltas fuinnimh le teas, le soilsiú agus le cumhacht dár bhfoirgnimh oifigí. Glacann an tÚdarás páirt i gcreat-chomhaontuithe maidir le soláthar leictreachais agus gáis a sholáthraíonn an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair go lárnach.

Íocaíochtaí Prasa

I gcomhréir le forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2002, tá NSAI tiomanta dona áirithiú go n-íoctar le gach soláthraí go pras.


Teangacha Oifigiúla

Tagann NSAI faoi scáth Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. I gcomhréir le hAlt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i nGaeilge agus i mBéarla.

Comhdhéanamh an Bhoird

Tá sonraí maidir le comhaltaí Boird NSAI leagtha amach ar leathanach 30.

COMHALTAÍ BOIRD



1. Ann Riordan, Cathaoirleach
2. James Collins
3. Damian Wallace
4. Kieran Ryan
5. Mary Ita Walsh
6. David Gargan
7. Edmond Stack
8. Jennifer Murnane O'Connor
9. Richard Hadfield
10. Des O'Loughlin
11. Eddie Wade
12. Helen Curley
13. Maurice Buckley, Príomhfheidhmeannach

RÁITIS AIRGEADAIS

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ COMHALTAÍ BOIRD	32
RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH	33
TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE	34
COMHALTAÍ BOIRD AGUS FAISNÉIS GHINEARÁLTA	36
BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	37
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS COMHDHLÚITE	39
RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IOMLÁN NA NGNÓTHACHAN AGUS NA GCAILLTEANAS AITHEANTA	40
CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE	41
RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID	42
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	43



RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ COMHALTAÍ BOIRD

Ceanglaítear le Mír 8(2) den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann 1996 ar an Údarás na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, le toiliú an Aire Airgeadais, ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé agus, go háirithe, na cuntais speisialta sin go léir a fhéadfaidh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta a ordú a choimeád. Agus na cuntais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an Údarás na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin mura bhfuil sé cuí glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás de bheith ag feidhmiú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntas chuí a choimeád, a nochtann go réasúnta cruinn a staid airgeadais tráth ar bith agus a ligeann dó a áirithiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Mír 8 den Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

Thar ceann Bhord NSAI, admhaím an fhreagracht atá orainn as a áirithiú go ndéanann an tÚdarás córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnach, agus ní cinnteacht iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifead go cuí agus go seachnaítear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Rinne an Bord bearta chun a áirithiú go bhfuil timpeallacht rialaithe oiriúnach i bhfeidhm trí na nithe seo a leanas:

- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Cultúr freagrachta a fhorbairt ar fud gach leibhéil den eagraíocht.

Bhunaigh an Bord próisis chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú trí na nithe seo a leanas:

- Próiseas foirmiúil bainistíochta riosca a oibriú. Measann an próiseas seo na príomhrioscaí atá roimh an Údarás maidir lena fheidhm a chomhlíonadh agus maidir lena chuspóirí foriomlána a bhaint amach.
- Tá an lucht Bainistíochta freagrach as rioscaí suntasacha a aithint agus a mheasúnú agus as rialuithe inmheánacha cuí a dhearadh agus a chur chun feidhme.
- Tuairiscíonn an lucht Bainistíochta don Bhord maidir le hathruithe suntasacha in oibríochtaí an Údaráis agus maidir leis na rioscaí lena mbaineann.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat a bhaineann le faisnéis bhainistíochta rialta, ar nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear scaradh dualgas, agus ar chóras tarmhigin agus freagrachta. Áirítear leis na nithe seo a leanas go háirithe:

- Teorainneacha údaraithe atá sainmhínithe go soiléir, scaradh dualgas agus na rialuithe atá ar fáil óna chórais airgeadais. Déanann an Coiste Iniúchta maoirseacht ar an gcóras seo agus fostaíonn sé gníomhaireachtaí seachtracha cuí chun an córas seo a scrúdú agus a thástáil
- Oibriú an chórais rialaithe buiséid, rud a gcuirtear feidhmíocht iarbhair i gcomparáid leis i rith na bliana. Tuairiscítear torthaí airgeadais don Bhord agus déantar scrúdú ar na difríochtaí idir na torthaí airgeadais agus an buiséad.
- Tá formheas an Bhoird ag teastáil le haghaidh gach príomhúdaráis íocaíochta agus le haghaidh gach príomhshainordaithe bainc éireachta.
- Formheasann an Coiste Iniúchta, ar fochoiste den Bhord é, pleananna iniúchta inmheánaigh agus déileálann sé le saincheisteanna rialaithe suntasacha a ardaíonn iniúcháirí inmheánacha nó seachtracha. Áirithíonn an Coiste seo go ndírítear obair na feidhme iniúchta inmheánaigh ar na réimsí is mó riosca nó nochtadh.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh curtha chuig foinse amuigh ag NSAI, rud a oibríonn de réir Chreat-Chód an Dea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus a thuairiscíonn go díreach don Choiste Iniúchta. Tugann anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht nocht ina leith eolas d'obair an iniúchta inmheánaigh, agus tá pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Formhuiníonn an Coiste Iniúchta an anailís ar riosca agus na pleananna iniúchta inmheánaigh. Tagann an Coiste Iniúchta le chéile ar bhonn rialta le linn na bliana chun leorgacht agus éifeachtacht leanúnach an chórais Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh a athbhreithniú agus a dhearbhu.

Is iad obair an Iniúcháir Inmheánaigh, obair an Choiste Iniúchta a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúcháir Inmheánaigh agus obair na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de NSAI atá freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí um rialú airgeadais a thugann eolas don fhaireachán agus don athbhreithniú a dhéanann an Bord ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Dearbhaím, maidir leis an mbliain go dtí an 31 Nollaig 2011, go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialuithe airgeadais inmheánacha.



Ann Riordan
Cathaoirleach

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE



Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

An tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 faoin Acht fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann 1996. Tá na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Comhdhlúite, an Ráiteas Comhdhlúite ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta, an Clár Comhardaithe Comhdhlúite, an Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara sna ráitis airgeadais a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach iontu. Is ionann an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú agus dlí is infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, as a áirithiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid gh-nóthaí an Údaráis agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a áirithiú.

Tá sé mar fhreagracht orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú orthu de réir dlí is infheidhme. Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticíúil d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

Raon an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil ar na suimeanna agus ar na nithe a nochtar sna ráitis airgeadais, ar fianaise í a thugann cinnteacht réasúnach nach bhfuil míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu calaois nó earráid is cúis leis. Mar chuid den iniúchadh, déantar measúnú ar na nithe seo a leanas

- cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Údaráis, agus cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh iad a fheidhmiú go comhsheasmhach agus a nochtadh go leordhóthanach
- réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Chomh maith leis sin, déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais go léir atá sa tuarascáil bhliantúil chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thagaim ar an eolas faoi aon mhírúis shoiléire ábhartha nó faoi aon neamhréireachtaí soiléire ábhartha, breathnaím na himpleachtaí atá ann do mo thuarascáil.

Maoiniú Pinsin Iarchurtha

Gan mo thuairim a cháiliú, tarraingím aird ar nóta 12 (c) de na ráitis airgeadais. Aithníonn an tÚdarás sócmhainn i leith maoiniú pinsin iarchurtha – soláthróidh an Stát luach reatha an mhaoinithe a réamh-mheasann sé chun freastal ar a dhliteanais phinsin de réir mar a bhíonn siad dlite. Is gné dhílis den chóireáil chuntasaíochta seo ná an bonn tuisceana go gcuirfear aon ioncam a ghinfidh an tÚdarás i bhfeidhm i dtreo costais reatha ar dtús agus go bhfreastalóidh maoiniú ón Stát ar aon easnamh sócmhainní reatha nó amach anseo, lena n-áirítear dliteanais phinsin amach anseo.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, léargas fírinneach agus cothrom ar staid ghnóthaí an Údaráis ag an 31 Nollaig 2011 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim gur choimeád an tÚdarás leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Nithe ar a dTuairiscím trí Eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht más rud é

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a bhí ag teastáil uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara le linn m'iniúchta aon chás ábhartha nuair nár úsáideadh airgead don chuspóir a bhí beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a raibh siad faoina rialú, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil an Údaráis don bhliain ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais ina leith i gcomhréir leis na ráitis airgeadais, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach gur chloígh an tÚdarás leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go n-aimsím nithe ábhartha eile a bhaineann leis an modh ina ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin ar a ndéantar tuairisciú trí eisceacht.



Andrew Harkness

**For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General**

29 June 2012

COMHALTAÍ BOIRD AGUS FAISNÉIS GHINEARÁLTA

BORD NSAI

Seo a leanas Comhaltaí Boird NSAI, atá ceaptha ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta:

Comhaltaí Boird:	A. Riordan Uas - Cathaoirleach
	An tUas. M. Buckley - Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
	An tUas. J. Collins
	H. Curley Uas. - A chuaigh ar scor ar an 15 Samhain 2011
	An tUas. D. Gargan
	An tUas. R. Hadfield - A chuaigh ar scor ar an 27 Bealtaine 2011
	J. Murnane O'Connor Uas. - A chuaigh ar scor ar an 14 Aibreán 2011
	An tUas. D. O'Loughlin
	An tUas. K. Ryan
	An tUas. E. Stack
	An tUas. E. Wade - A chuaigh ar scor ar an 14 Aibreán 2011
	An tUas. D. Wallace
	M.I. Walsh Uas.
	An tUas. P. Bracken - Rúnaí an Bhoird

FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Ceann-Oifig:	1 Cearnóg Swift An Choill Thuaidh Seantrabh Baile Átha Cliath 9
Iniúcháirí:	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
Baincéirí:	Bainc-Aontas Éireann
Aturnaetha:	McCann Fitzgerald

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

AN tACHT FÁN ÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN, 1996

Bunaíodh an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) ar an 14 Aibreán 1997 faoi Alt 6 den Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996. Ar an lá bunaithe, rinneadh an mhaoín go léir, a bhí faoi úinéireacht díreach roimh an lá sin ag NSAI mar Choiste de chuid Forfás, a dhílsiú san Údarás. Foráladh leis na forálacha idirthréimhseacha atá leagtha amach i gCuid III den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1988, go ndéanadh Forbairt an mhaoín, na cearta agus na dlíteanais go léir a bhí ag na Seirbhísí Méadreolaíochta Dlíthiúla díreach roimh an lá sin a aistriú chuig an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

Seo a leanas an bunús cuntasáíochta agus na beartais chuntasáíochta shuntasacha ar glacadh leo:-

(a) AN BUNÚS CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir mar a d'fhorhmeas an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta é, le toiliú an Aire Airgeadais faoin Acht fán Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, ach amháin mar atá luaite thíos, agus de réir an Chleachtais Chuntasáíochta a nGlactar Leis go Coitianta. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasáíochta aitheanta de réir mar a bhíonn siad infheidhme.

Is éard atá sna ráitis airgeadais chomhdhlúite ná ráitis airgeadais an Údaráis agus a fhochuideachta - NSAI Inc. Níl beartais chuntasáíochta na fochuideachta éagsúil leo siúd de chuid an Údaráis.

(b) IONCAM

Tugtar cuntas i leith an ioncaim ar fad, seachas Deontas Oireachtais, sa tréimhse ina dtuilltear é. Déileáiltear le táillí a íoctar roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear iad mar dhlíteanas reatha. Scaoiltear an t-ioncam seo chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar sheachadadh na seirbhíse.

(c) DEONTAS OIREACHTAIS

Tugtar cuntas ina leith seo ar bhonn airgead tirim, ach iarchuirtear an deontas nuair a fhaightear deontas sa bhliain i leith scaoileadh dlíteanas an bhliain ina dhiaidh sin.

(d) AISTRIÚ AIRGEADRAÍ EACHTRACHA

Idirbhearta Airgeadra Eachtraigh

Déantar sócmhainní agus dlíteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú ag na rátaí malairte ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Aistrítear ioncaim agus costais ag na rátaí malairte ag dátaí na mbun-idirbheart. Déileáiltear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais le brabúis agus le cailteanais a eascraíonn ó aistrithe airgeadra eachtraigh ar ghlánadh na suimeanna is infhaighte agus is iníoctha in airgeadra eachtrach.

Oibríochtaí Eachtracha

Nuair atá torthaí na hoibríochta eachtraí á n-aistriú chun iad a chur san áireamh sna ráitis airgeadais, aistrítear sócmhainní agus dlíteanais ag an ráta malairte ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Is i gcúlchistí a aithnítear an difríocht aistrithe a eascraíonn ó athráiteas na n-oibríochtaí eachtraí in euro, arb é an ráta feidhmiúil, de bharr athruithe i rátaí malairte (sa Chuntas Ioncaim agus Gnóthachain faoin gceannnteideal "coigeartú aistrithe" i leith earraí airgeadaíochta agus sa Chuntas Caipitil i leith difríochtaí athaistrithe sócmhainní seasta.) Aistrítear ioncam agus costais ag meánrátaí malairte tréimhse míosúla. Is i gcúlchistí na hoibríochta freisin a aithnítear aon difríocht a eascraíonn ó aistriú i gcomparáid le ráta an Chláir Chomhardaithe.

(e) SÓCMHAINNÍ SEASTA

Is éard atá i Sócmhainní Seasta ná sócmhainní seasta inláimhsithe atá faoi úinéireacht ag NSAI agus luaitear iad seo ag costas lúide dímhéas carntha nó, i gcás Talún agus Foirgneamh a aistríodh ó Fhiontraíocht Éireann, is é sin, An tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta, ag luacháil. Ríomhtar dímhéas chun costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolta úsáideacha measta mar seo a leanas.

Trealamh, Daingneáin & Feistis	5 bliana
Ríomhairí	3 bliana
Talamh agus Foirgnimh	50 bliain
Mótarfheithiclí	5 bliana

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Ar Lean

(f) CUNTAS CAIPITIL

Léiríonn an Cuntas Caipitil ioncam deontais a úsáidtear chun Sócmhainní Seasta a fháil agus scríobhtar síos é i gcomhréir leis na beartais dímheasa agus athluachála do na sócmhainní gaolmhara.

(g) FÉICHIÚNAITHE

Luaitear féichiúnaithe glan ar sholáthar do neamhghnóthú drochfhiach agus fiach amhrasach. Déantar an soláthar do neamhghnóthú féichiúnaithe in aghaidh féichiúnaithe amhrasacha sonracha, agus déantar soláthar breise in aghaidh fiachais trádála eile nuair is cuí.

(h) LÉASANNA

Déileáiltear le cíosanna atá dlite faoi léasanna oibriúcháin sna ráitis airgeadais de réir mar a bhíonn siad dlite.

(i) AOISLIÚNTAS

Is sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Chaillteanais Aitheanta agus sa Chlár Comhardaithe a aithnítear idirbhearta pinsin, gluaiseachtaí agus iarmhéideanna de réir cheanglais Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17, Sochair Scoir.

Scéim Fhorfás

Staff working in NSAI who immediately prior to establishment day were permanent members of the staff of Forfas continue to be members of said staff under Section 38(1)(a) of the National Standards Authority of Ireland Act 1996. Accordingly, under Paragraph 3 of the Second Schedule of the Industrial Development Act, 1993, Forfas is responsible for the employee pension entitlements of these staff.

Scéim NSAI

Oibríonn NSAI scéim pinsean sochar sainithe, rud a mhaoínítear go bliantúil ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' ón airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar fáil dó agus ranníocaíochtaí a bhaintear as tuarastail foirne.

Tomhaistear dliteanais scéime pinsean ar bhonn achtúireach trí mhodh an aonaid réamh-mheasta a úsáid.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuilleann baill foirne sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne, rudaí a choimeádann NSAI. Aithnítear suim a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sí inghnóthaithe, agus fritháirithe ag deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a scaoileadh.

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó athruithe i mboinn tuisceana achtúireacha agus ó bharrachais eispéiris agus ó easnaimh eispéiris sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá inghnóthaithe ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a bheidh le gnóthú i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS COMHDHLÚITE

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2011

	Nótaí	2011 €	2010 €
Ioncam	1	18,550,589	18,609,888
Caiteachas			
Costais Riaracháin agus Ghinearálta	2	24,262,568	25,311,425
Easnamh roimh Dheontas Oireachtais		(5,711,979)	(6,701,537)
Deontas Oireachtais	3	6,335,837	7,337,861
Barrachas Oibriúcháin don bhliain		623,858	636,324
Aistriú ón gCuntas Caipitil	5	198,897	199,364
Coigeartú Aistrithe		93,310	85,862
Barrachas don bhliain		916,065	921,550
larmhéid ag an 1 Eanáir		3,246,527	2,324,977
larmhéid ag an 31 Nollaig		4,162,592	3,246,527

Baineann suimeanna a léirítear faoi Ioncam agus Chaiteachas le gníomhaíochtaí leanúnacha.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 16.

Thar ceann an Bhoird:



Ann Riordan
Cathaoirleach



Maurice Buckley
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IOMLÁN NA NGNÓTHACHAN AGUS NA GCAILLTEANAS AITHEANTA

Amhail an 31 Nollaig 2011

	Nótaí	2011 €	2010 €
Barrachas don bhliain		916,065	921,550
Gnóthachain Eispéiris ar dhliteanais scéime pinsean	12 (d)	620,000	3,450,000
Athruithe i mboinn tuisceana atá mar bhonn ag luach reatha na ndliteanas scéime pinsean	12	-	-
Gnóthachain Achtúireacha ar Dhliteanais Phinsin		620,000	3,450,000
Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Iarchurtha	12	(620,000)	(3,450,000)
Iomlán na nGnóthachan Aitheanta don bhliain		916,065	921,550

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 16.

Thar ceann an Bhoird:



Ann Riordan
Cathaoirleach



Maurice Buckley
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE

Amhail an 31 Nollaig 2011

	Nótaí	2011 €	2010 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	6	4,752,880	3,682,379
Sócmhainní Reatha			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	8	3,656,105	3,608,359
Banc		2,145,573	1,652,862
		5,801,678	5,261,221
Creidiúnaithe : suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin	9	1,639,086	2,014,694
Glan-Sócmhainní Reatha		4,162,592	3,246,527
Iomlán na Sócmhainní líude dliteanais reatha roimh Phinsin		8,915,472	6,928,906
Sócmhainn mhaoinithe iarchurtha do Phinsin	12 (c)	32,000,000	29,800,000
Dlíteanais Phinsin	12 (b)	(32,000,000)	(29,800,000)
		-	-
Iomlán na Sócmhainní líude dliteanais reatha tar éis Pinsean		8,915,472	6,928,906
Glan-Sócmhainní		8,915,472	6,928,906
Arna Maoiniú ag:			
An Cuntas Caipitil	5	4,752,880	3,682,379
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		4,162,592	3,246,527
		8,915,472	6,928,906

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad na Beartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 16.

Thar ceann an Bhoird:

Ann Riordan
CathaoirleachMaurice Buckley
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2011

	Nótaí	2011 €	2010 €
Réiteach an Bharrachais Oibriúcháin don Bhliain leis an nGlan-Insreabhadh Airgid ó Oibríochtaí			
Barrachas Oibriúcháin don Bhliain		623,858	636,324
Ús Bainc		(9,540)	(9,891)
Muirear Dímhéasa	6	739,139	790,421
Brabús ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta Inláimhsithe		(31,000)	(253)
Méadú/Laghdú i bhFéichiúnaithe agus i Réamhíocaíochtaí		(47,746)	47,232
(Laghdú) i gCreidiúnaithe agus i bhFabhruithe		(375,608)	(430,729)
Coigeartú Aistrithe Airgeadra		93,310	85,862
Glan-Insreabhadh Airgid ó Oibríochtaí		992,413	1,118,966
RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID			
Glan-Insreabhadh Airgid ó Oibríochtaí		992,413	1,118,966
Torthaí ar Infheistíochtaí agus Fónamh a Dhéanamh ar Airgeadas			
Ús Bainc		9,540	9,891
Sreabhadh Airgid roimh Chaiteachas Caipitil		1,001,953	1,128,857
Maoiniú Caipitil			
Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	6	(540,242)	(591,057)
Díol Sócmhainní Seasta Inláimhsithe		31,000	253
Méadú in Airgead Tirim		492,711	538,053
Réiteach an Ghlan-Sreafa Airgid le Gluaiseacht i nGlan-Chistí			
Gluaiseacht i nGlan-Chistí sa bhliain		492,711	538,053
Glan-Chistí ag an 1 Eanáir		1,652,862	1,114,809
Glan-Chistí ag an 31 Nollaig		2,145,573	1,652,862

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2011

(1) Ioncam

	2011 €	2010 €
Táillí Deimhnithe	14,569,966	14,234,835
Díol Caighdeán	804,080	759,868
Ioncam Eile	347,003	355,294
Ús Bainc	9,540	9,891
	15,730,589	15,359,888
Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin	Nóta 12 (c) 2,820,000	3,250,000
	18,550,589	18,609,888

(2) Costais Riaracháin agus Ghinearálta

	2011 €	2010 €
Pá agus Costais aoisliúntais	12,294,384	12,783,954
Costais phinsin	Note 12 (a) 2,869,378	3,076,915
Luach Saothair agus Costais Chomhaltaí	Nóta 15 63,362	79,626
Costais Taistil	1,253,573	1,266,061
Seirbhísí ar Fochonradh agus Gairmiúla	2,899,441	2,864,363
Cíosanna, Rátaí, Deisiúcháin agus Cothabháil	1,923,342	1,760,467
Costais Oibriúcháin Eile	1,599,597	2,058,298
Brabús ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(31,000)	(253)
Síntiúis le hEagraíochtaí	625,502	605,723
Dímheas	Nóta 6 739,139	790,421
Táille Iniúchta	25,850	25,850
	24,262,568	25,311,425

Cuimsíonn Pá agus Costais Aoisliúntais foirne :

Pá agus Tuarastail	11,564,643	12,156,980
Costais Leasa Shóisialaigh	725,793	732,733
Costais Aoisliúntais	3,948	(105,759)
	12,294,384	12,783,954

Ba é líon na ndaoine a bhí fostaithe ag an 31 Nollaig 2011 167 duine. (2010: 178)

Áirítear le Costais Oibriúcháin eile suim €5,586 a bhaineann le costais siamsaíochta Foirne. Folaíonn na costais seo ranníocaíocht le hócáidí an chlub shóisialta foirne agus cleachtaí tógála foirne.

(3) Deontas Oireachtais

	2011 €	2010 €
Deontas le haghaidh Costais Riaracháin agus Ghinearálta	6,335,837	7,337,861
	6,335,837	7,337,861

Eisíonn an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta an Deontas Oireachtais agus áirítear leis an deontas suim €499,837 i leith ceannacháin chaipitil i 2011.

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS (AR LEAN)

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2011

(4) Aistriú na Saotharlainne Náisiúnta Méadreolaíochta

Aistríodh gníomhaíochtaí na Saotharlainne Náisiúnta Méadreolaíochta chuig NSAI ar an 2 Meitheamh 2009 tar éis achtú an Achta um Fhorbairt Tionscail 1998.

Aistríodh sócmhainní agus dlíteanais na Saotharlainne Náisiúnta Méadreolaíochta, seachas talamh agus foirgnimh, chuig NSAI i 2009. Cuireadh aistriú úinéireachta na talún agus na bhfoirgneamh i gcrích i 2011. Bhí luacháil bunaithe ar luacháil ghairmiúil.

(5) An Cuntas Caipitil

	2011 €	2010 €
Iarmhéid Tosaigh	3,682,379	3,879,735
Glan-Ghluaiseachtaí i Sócmhainní Seasta Inláimhsithe	(198,897)	(199,364)
Aistriú chuig an gCuntas Ioncam & Caiteachais	(198,897)	(199,364)
Aistriú Thalamh & Foirgnimh na Saotharlainne Náisiúnta (Note 4)	1,270,000	
Currency Translation Adjustment	(602)	2,008
Ag an 31 Nollaig	4,752,880	3,682,379

(6) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Trealamh, Daingneáin & Feistis €	Trealamh Ríomhaire €	Talamh & Foirgnimh €	Mótar- fheithiclí €	Iomlán €
In Euro					
COSTAS					
Ag an 1 Eanáir 2011	4,389,780	2,549,840	2,933,632	315,228	10,188,480
Suimiúcháin	145,081	238,751	0	156,410	540,242
Diúscairtí	0	(21,204)		(111,307)	(132,511)
Aistriú Thalamh & Foirgnimh na NML ó EI (Nóta 4)			1,270,000		1,270,000
Coigeartú Aistrithe	1,600	4,118			5,718
Ag an 31 Nollaig 2011	4,536,461	2,771,505	4,203,632	360,331	11,871,929
DÍMHEAS					
Ag an 1 Eanáir 2011	3,415,260	2,092,591	712,706	285,544	6,506,101
Muirear don Bhliain	384,795	265,221	58,667	30,456	739,139
Diúscairtí	0	(21,204)		(111,307)	(132,511)
Coigeartú Aistrithe	1,837	4,483			6,320
Ag an 31 Nollaig 2011	3,801,892	2,341,091	771,373	204,693	7,119,049
GLANLUACH DE RÉIR NA LEABHAR					
Ag an 1 Eanáir 2011	974,520	457,249	2,220,926	29,684	3,682,379
Glan-Ghluaiseacht don bhliain	(239,714)	(26,470)	(58,667)	125,954	(198,897)
Aistriú Thalamh & Foirgnimh na NML ó EI (Nóta 4)			1,270,000		1,270,000
Coigeartú Aistrithe	(237)	(365)			(602)
Ag an 31 Nollaig 2011	734,569	430,414	3,432,259	155,638	4,752,880

(7) Maoin

Áitíonn NSAI áitreabh ag roinnt áiteanna. Tá ár gceannoifig lonnaithe ag 1 Cearnóg Swift, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9. Tá an t-áitreabh seo ar léas, agus chuathas isteach sa léas i mí Eanáir 2008 ar feadh tréimhse 20 bliain. Déanfar an chéad athbhreithniú cíosa 5 bliana i mí Eanáir 2013 agus clúdóidh sé seo an tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2013.

Tá Oifigí Réigiúnacha ag NSAI i Luimneach agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá an oifig i Luimneach lonnaithe ar Bhóthar Pháirc Plassey, An Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta, Caladh an Treoigh, Co. Luimnigh. Tá an t-áitreabh seo faoi úinéireacht ag NSAI. Tá an oifig réigiúnach i Stáit Aontaithe Mheiriceá lonnaithe ag 402 Amherst Street, Nashua, NH 03063, SAM, agus tá an t-áitreabh seo ar léas. Chuathas isteach sa léas i mí na Nollag 1999 agus tá sé le dul in éag i mí Lúnasa 2012.

Tá Saotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta NSAI lonnaithe i nGlas Naíon, Baile Átha Cliath 9, agus tá an t-áitreabh seo faoi úinéireacht ag NSAI.

Tá roinnt Ionaid Réigiúnacha na Seirbhíse Méadreolaíochta Dlí ag NSAI. Tá na hionaid seo lonnaithe i gCorcaigh, i Luimneach, i mBaile Átha Cliath, i Sligeach, i nDún Dealgan, i bPort Láirge agus i nGaillimh. Tá gach ceann de na háitribh seo faoi úinéireacht ag NSAI.

(8) Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí

	2011 €	2010 €
Féichiúnaithe Trádála	2,508,003	2,788,604
Ioncam Fabhráithe	616,554	375,378
Réamhíocaíochtaí	531,548	444,377
	3,656,105	3,608,359

(9) Creidiúnaithe : suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin

	2011 €	2010 €
Creidiúnaithe Trádála	208,207	435,408
Creidiúnaithe agus Fabhrúithe Eile	682,088	745,564
Ioncam Iarchurtha	689,964	834,068
Cánachas, Árachas Sóisialach agus CBL	58,827	[346]
	1,639,086	2,014,694

(10) Gealltanais faoi Léasanna Oibriúcháin

B'ionann íocaíochtaí a rinneadh faoi Léasanna Oibriúcháin ar Fhoirgnimh atá gearrtha sna ráitis airgeadais agus €932,351 (2010: €939,537). Tá íocaíochtaí faoi Léasanna Oibriúcháin ar Fhoirgnimh de €932,461 le déanamh i 2012. Baineann siad seo le léasanna a bheidh ag dul in éag mar seo a leanas:

	2011 €	2010 €
Éag an Léasa:		
Laistigh de bhliain amháin		
Bliain amháin go cúig bliana	40,510	43,042
Tar éis cúig bliana	891,951	891,951
	932,461	934,993

(11) Cánachas

Tá an tÚdarás díolmhaithe ó chánachas ar a ioncam.

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS (AR LEAN)

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2011

(12) Costais Phinsin

(a) Anailís ar chostais phinsin iomlána atá gearrtha ar Chaiteachas

	2011	2010
Costais seirbhíse reatha	€1,700,000	€2,000,000
Ús ar dhliteanais scéime pinsean	€1,600,000	€1,600,000
Ranníocaíochtaí fostaithe	(€430,622)	(€523,085)
	€2,869,378	€3,076,915

(b) Gluaiseacht i nGlan-Dlíteanas Pinsin le linn na bliana

	2011	2010
Glandlíteanas pinsin ag an 1 Eanáir	€29,800,000	€30,000,000
Costas seirbhíse reatha	€1,700,000	€2,000,000
Costais úis	€1,600,000	€1,600,000
Gnóthachan achtúireach	(€620,000)	(€3,450,000)
Pinsin a íocadh sa bhliain	(€480,000)	(€350,000)
Glandlíteanas pinsin ag an 31 Nollaig	€32,000,000	€29,800,000

(c) Maoiniú iarchurtha do Phinsin

Aithníonn NSAI na suimeanna seo mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dlíteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin bunaithe ar shraith bonn tuisceana agus ar roinnt imeachtaí roimhe. I measc na n-imeachtaí seo, tá an bonn reachtúil i gcomhair bhunú na scéime aoisliúntais, agus an beartas agus an nós imeachta atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag NSAI nach leanfaidh an beartas dá dtagraítear thuas de bheith ag freastal ar shuimeanna den sórt sin i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

Seo a leanas an glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin atá aitheanta i gCuntais Ioncaim agus Chaiteachais:

	2011	2010
Maoiniú inghnóthaithe maidir le costais phinsin na bliana reatha	3,300,000	3,600,000
Deontas Stáit a cuireadh i bhfeidhm chun pinsinéirí a íoc	(480,000)	(350,000)
	2,820,000	3,250,000

B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2011 agus €32.0 milliún (2010: €29.8 milliún).

(d) Stair Oibleagáidí Sochar Sainithe

	2011	2010	2009	2008
Oibleagáidí sochar sainithe	€32,000,000	€29,800,000	€30,000,000	€25,400,000
Gnóthachain eispéiris ar dhliteanais scéime	(€620,000)	(€3,450,000)	(€1,900,000)	(€346,000)
Suim	(2%)	(12%)	(6%)	(1%)
Céatadán de dhliteanais scéime				

Is ionann an gnóthachan achtúireach carnach atá aitheanta sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta agus €5,183,000.

(12) Costais Phinsin [ar lean]**(e) Cur Síos Ginearálta ar an Scéim**

Is ionann an scéim pinsean agus socrú um pinsean tuarastail deiridh sochar sainithe ina bhfuil sochair agus ranníocaíochtaí sainithe trí thagairt do rialacháin 'eiseamláire' reatha i gcás scéim na hearnála poiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (ochtóduithe in aghaidh bliain seirbhíse) agus pinsin chéilí agus leanaí. De ghnáth, téann ball ar scor ar a 65ú breithlá, agus tá daoine a raibh ina mbaill roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach iarbhrí ó aois 60. De ghnáth, méadaíonn pinsin atá á n-íoc (agus á gcur siar) ar aon dul le boilsciú tuarastail ginearálta na hearnála poiblí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh i gcás nochtaí FRS17 (Leasaithe) ar luacháil achtúireach iomlán dar dáta an 3 Márta 2012 a rinne achtúire cáilithe neamhspleách, agus ceanglais FRS á gcur san áireamh, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar dhliteanais na scéime amhail an 31 Nollaig 2011.

Seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha:

	2011	2010	2009
Ráta méadaithe i dtuarastail	4%	4%	4%
Ráta méadaithe i bpinsin a bhí á n-íoc	4%	4%	4%
Ráta lascaíne	5.5%	5.5%	5.5%
Ráta boilscithe	2%	2%	2%

(f) Mortlaíocht

An meánionchas saoil amach anseo de réir na dtáblaí mortlaíochta a úsáidtear chun na dliteanais phinsin a chinneadh.

	2011	2010	2009
Fear: 65 bliain	22	22	22
Bean: 65 bliain	25	25	25

(13) NSAI Inc.

Bunaíodh NSAI Inc. i New Hampshire, SAM, ar an 1 Iúil 1997 mar chorporáid neamhbhrabúis faoi úinéireacht iomlán ag NSAI chun faisnéis a dháileadh agus a scaipeadh maidir le caighdeáin na hÉireann agus an AE atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, chun léirmheasanna teicniúla agus meastóireachtaí ar tháirgí, próisis agus cleachtais agus deimhniú le haghaidh chaighdeáin an AE, chaighdeáin na hÉireann agus caighdeáin idirnáisiúnta a chomhlíonadh a sholáthar. Cuireadh iarmhéideanna agus idirbhearta NSAI Inc. san áireamh sna ráitis airgeadais seo. Áirítear leis an mBarrachas Oibríocháin Comhdhlúite don bhliain barrachas de €376,919 (2010 : €312,709) ó oibríochtaí NSAI Inc.

(14) Comhaltaí Boird – Idirbhearta a Nochtadh

I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh NSAI dul isteach i socruithe conartha le gnóthais ina bhfuil Comhaltaí Boird NSAI fostaithe nó le gnóthais a bhfuil leas ag Comhaltaí Boird NSAI iontu ar shlí eile. Ghlac NSAI le nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag Comhaltaí Boird, agus chloígh NSAI leis na nósanna imeachta seo le linn na bliana.

NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS (AR LEAN)

Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2011

(15) Táillí Stiúrthóirí agus Tuarastal an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin

(a) Táillí stiúrthóirí a íocadh i 2011

A. Riordan Uas.	€11,311	Cathaoirleach
An tUas. J. Collins	€7,482	
An tUas. D. Gargan	€7,271	
J. Murnane O'Connor Uas.	€1,966	A chuaigh ar scor ar an 14 Aibreán 2011
An tUas. K. Ryan	€7,271	
An tUas. E. Stack	€7,271	
An tUas. E. Wade	€1,981	A chuaigh ar scor ar an 14 Aibreán 2011
An tUas. D. Wallace	€7,422	
M. I. Walsh Uas.	€7,271	
An tUas. M. Buckley	€0	Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin
H. Curley Uas.	€0	Ionadaí na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta
		A chuaigh ar scor ar an 14 Aibreán 2011
An tUas. R. Hadfield	€0	Ionadaí Foirne, a chuaigh scor ar an 27
An tUas. D. O'Loughlin	€0	Ionadaí Foirne

Cuimsíonn táillí i 2011 forchúiteamh ró-íocaíochta táillí i 2011. Ró-íocadh táillí stiúrthóirí faoi 5% i 2010 mar gheall ar fhógra déanach ar leasú táillí do chomhaltas Eagraíochtaí Stáit.

(b) Costais Stiúrthóirí

B'ionann costas iomlán na Stiúrthóirí do 2011 agus €4,116.

(c) Tuarastal an Phríomh-Oifigigh Feidhmiúcháin

B'ionann tuarastal bunúsach bliantúil an Phríomhfheidhmeannaigh a íocadh i 2011 agus €153,651. B'ionann íocaíochtaí leis an bPríomhfheidhmeannach faoi scéimeanna a bhaineann le feidhmíocht i 2011 agus €0. B'ionann costas foriomlán phacáiste luacha saothair an Phríomhfheidhmeannaigh (lena n-áirítear soláthar aoisliúntais, carr cuideachta agus aon sochair eile) do 2011 agus €164,529. Tá an Príomhfheidhmeannach ina bhall de scéim aoisliúntais foirne NSAI agus ní théann a theidlíochtaí pinsin níos faide ná teidlíochtaí caighdeánacha scéim eiseamláire na hearnála poiblí.

(16) Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas an Bord na ráitis airgeadais ar an 21 Meitheamh 2012.



NSAI

CEANN-OIFIG

1 Cearnóg Swift, An Choill Thuaidh, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9, Éire
T +353 1 807 3800 F +353 1 807 3838 R info@nsai.ie

NSAI.ie